
# Réabhlóid na hÉireann i nDún na nGall, 1919 - 1925





(3)

Councillor Ward (Seumas) then proposed "That this meeting of Tir Conaill Co. Council earnestly urge Mr Griffith & Mr De Valera to close up the ranks of an Dáil and to bury their differences in the interests of the Country for which they have done so much rather than that those noble Irishmen and Women who were associated with them should be split into different Camps to the Satisfaction of Ireland's enemies. That copies of this resolution be telegraphed to Mr Griffith & Mr De Valera, and that further Copies be transmitted to the Dáil Deputies of the County

Councillor O'Donnell (J. F.), Seconded.

Reports of Committees

The Report of the undermentioned Committee was adopted.

Finance — Meeting held 13th Decr 192


# Aistí


**an Dr Ben Rogers, Staraí Cónaithe**

Músaem agus Cartlann Chontae Dhún na nGall,
Comhairle Contae Dhún na nGall

Íomhá ar an gclúdach 1:
*Sliocht as miontuairiscí cruinnithe Chomhairle Contae Dhún na nGall, maidir leis an díospóireacht faoin Chonradh Angla-Éireannach sa Dáil, 31 Nollaig 1921*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

Íomhá ar an gclúdach 2:
*An Leas-Bhriogáidire Joseph Murray ag caitheamh a éide airm, 1920*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)


LOC/2/14/3(3)

DÁIL ÉIREANN.

Aireacht Riaġaltais Áiteaṁla

Department of Local Government

12th. October, 1921.

No. 1416 3/21.
BUNCRANA URBAN DISTRICT.

THE TOWN CLERK.
TOWN HALL.
BUNCRANA.

A Chara,

I am in receipt of your letter of the 4th. inst,. forwarding a copy of a Resolution adopted by the Buncrana Urban District Council on the 3rd. inst., terminating their connection with the English L. G. Board, and deciding to function in future under this Department. I enclose a copy of the Circular issued from this Department on the 11th. March last, and I would be glad if it were brought under the notice of all the Officers employed by the Council.

Mise le meas,

L. T. Mac Cosgair

MINISTER FOR LOCAL GOVERNMENT.

M/SC.

Os Cionn:
*Litir ó Liam Mac Cosgair, An tAire Rialtais Áitiúil, Dáil Éireann, chuig Comhairle Ceantair Uirbigh Bhun Crannacha maidir le haitheantas oifigiúil do Dháil Éireann, 12 Deireadh Fómhair 1921*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

ISBN: 978-1-915111-01-2

# Clár an Ábhair


5 | Réamhrá

10 | Eachtra Réabhlóideach i nDún na nGall: Joseph Murray agus an Cheathrú Bhriogáid (an Chéad Rannán ó Thuaidh)

19 | Iarratais Pinsean agus Saol Réabhlóideach na mBan i nDún na nGall, 1919 – 1925


28 | Comhairlí Ceantair Tuaithe i nDún na nGall, 1918 – 20: Náisiúnachas Bunreachta san Idirthréimhse

36 | Comhairlí Ceantair Tuaithe i nDún na nGall, 1920 – 25: Réabhlóid sa Rialtas Áitiúil?

46 | Comhairlí Ceantair Uirbeacha Dhún na nGall, 1919 – 1925: An Réabhlóid sna Bailte

56 | Athchóiriú Dhlí na mBocht agus Soláthar Chúraim Sláinte i nDún na nGall Réabhlóideach, 1919 – 1923

67 | Léitheoireacht bhreise agus acmhainní



County Council of Tir Conaill.

Copy Minutes of Proceedings at a Special Meeting held on the 31st day of December 1921.

Attendance

The members present were:-
Councillors Mac Fadden (Thos), (Presiding), Bonner, Doherty (Wm), Duffy, Henderson, Kelly (H. J.), Lanigan, Mulhern, Mac Fadden (Charles), Mc Nally, O'Donnell (Hugh), O'Donnell (J. F.), and Ward (Seumas)

The Solicitor to the Council was also in attendance.

The following letter was read from the Chairman of the Council

Killybegs.
30th December 1921.

Dear Sir

I am to-day in receipt of Summons to a Special Meeting of the Tir Conaill County Council on the 31st inst. I notice that the third item of the agenda deals with the articles of agreement for a Treaty signed by the Irish Plenipotentiaries and the British Delegation on the 6th inst.

As there is an understanding between the President of the Irish Republic and Mr Arthur Griffith, Chairman of the Irish Delegation, that no member of the Dail shall take part in any public discussion on these articles of agreement until the decision of the Dail is finally announced, I am therefore precluded from attendance at this meeting of the County Council.

Yours faithfully,
P. J. Ward.

Bernard Mc Fadden Esq.
Secty. Tir Conaill Co Council,
Lifford.

*Miontuairiscí cruinnithe Chomhairle Contae Dhún na nGall, maidir leis an díospóireacht faoin Chonradh Angla-Éireannach sa Dáil, 31 Nollaig 1921*

(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

# Réamhrá

Thug Clár do Dheich mBliana Chomóradh an Chéid 2012-2023 deiseanna sármhaithe dúinn fiosrúcháin stairiúla úra a dhéanamh ar an ré forbartha seo i stair na hÉireann. Cuireadh níos mó béime ar eachtraí réabhlóideacha idir choiteann agus contrártha a thit amach, chomh maith le tábhacht na n-inscní, ról an fhoréigin agus an aontacht idir an rialtas áitiúil agus an soláthar um chúram sláinte. Ar a bharr sin, chuidigh an dul chun cinn déanta maidir leis na daonnachtaí digiteacha go mór le hoidhreacht chultúrtha na hÉireann a chaomhnú do na glúine atá le teacht agus thug siad ardán acmhainneach den scoth do thaighdeoirí acadúla agus an pobal araon chun forbairtí polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha na ré seo a iniúchadh. Tabharfaidh na feabhsuithe seo tuiscint níos doimhne dúinn ar na príomheachtraí a thit amach idir 1912 agus 1923 agus léireofar aitheantas níos fearr ar an nasc idir na heachtraí staire coiteann seo agus na hinsintí agus cuimhní difriúla a bhí ann i measc an phobail ag an am.

Cruthaíodh an cnuasach aistí seo de thoradh tionscadal a bhí seolta ag Comhairle Contae Dhún na nGall in 2021, mar chuid de Chlár Deich mBliana Chomóradh an Chéid. Ag úsáid na taifid dhigiteacha agus fisiceacha thar cionn atá ar fáil ó Chartlann Chontae Dhún na nGall, chomh maith leis na taifid iontacha ó Bhailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata agus Biúró na Staire Míleata a thagann ón Chartlann Mhíleata, léiríonn an cnuasach seo léargas nach beag ar Réabhlóid na hÉireann i nDún na nGall idir 1919 agus 1925. Baineann na sé aiste leas as léann a rinneadh le tamall anuas agus tugann siad gearrchuntais ar fhorbairtí míleata, polaitiúla agus sóisialta na ré seo sa chontae ag an am. Díríonn na haistí isteach ar thionchar na Réabhlóide ar an ghnáthdhuine i nDún na nGall in áit béim a chur ar an dóigh ar thit an choimhlint mhíleata amach san iomlán sa chontae féin. Scrúdaítear


na heachtraí réabhlóideacha seo trí úsáid na mionábhair atá ar fáil ar líne sa Bhailiúchán de chuid Joseph Murray ón Chartlann Chontae, chomh maith trí úsáid na dtaifead digiteacha suntasacha ó Chomhairle Contae Dhún na nGall, na Comhairlí Ceantair Tuaithe, na Comhairlí Ceantair Uirbeacha agus ó na Boird Caomhnóirí. Breathnaíodh ar na taifid dhigiteacha ón Chartlann Mhíleata chomh maith chun cur leis na hábhair éagsúla a tháinig ón Chartlann Chontae.

Tagann formhór na n-aistí ó na taifid seo agus úsáidtear roinnt cás-staidéar chun aird a tharraingt ar eachtraí réabhlóideacha difriúla i nDún na nGall. Cuirtear síos ar Joseph Murray agus Cheathrú Bhriogáid (an Chéad Rannán ó Thuaidh). Úsáidtear taifid shuntasacha de chuid Murray ón ré seo agus a ráiteas a thug sé chuig Biúró na Staire Míleata in 1957 chun taispeáint dúinn go raibh eispéireas s'aige mar an gcéanna le heispéireas na nÓglach leathan sa ghluaiseacht i nDún na nGall. Méadaítear an téama seo sa dara haiste agus í ag díriú isteach ar Réabhlóid na hÉireann do na mná i nDún na nGall. Amharcann an aiste seo ar cuid de na hiarratais pinsean a chur mná Dhún na nGall isteach tar éis na bliana 1934, nuair a bhí siad cáilithe chun iarratas a dhéanamh, agus pléitear an t-ionchur céanna a bhí acu ó thaobh an choimhlint mhíleata de mar a bhí ag a gcomrádaithe fireanna, fiú in ainneoin an gá a bhí orthu na 'róil inscneacha' a chur i gcrích le linn na réabhlóide.

Cuirtear béim agus fócas ar na Comhairlí Ceantair Tuaithe sa tríú agus ceathrú aiste agus ról nach beag a bhí orthu maidir leis an aistriú polaitiúil a thit amach sa chontae idir 1919 agus 1925. Cuireann na haistí seo in iúl dúinn ar an dóigh gur éirigh muintir Dhún na nGall as a leithéid de náisiúnachas bunreachta - agus grúpaí cosúil le Páirtí Parlaiminteach na hÉireann - chun muinín agus tacaíocht a thabhairt ar Shinn Féin agus i dtreo an rialtais réabhlóidigh. Pléitear tosca móra sna haistí cosúil leis an toghchán áitiúil i mí an Mheithimh, 1920 agus mínítear an fáth go raibh ráth Shinn Féin níos neamhthábhachtaí i nDún na nGall i gcomparáid leis an chuid eile den tír mar gheall ar. Cuireann na haistí seo spotsolas ar phraiticiúlacht an rialtais áitiúil i

nDún na nGall agus ar an fháth ar tháinig athdhaingniú trí ghearradh siar chun tosaigh maidir le himeachtaí na comhairle, in ainneoin na huaillmhianta réabhlóideacha a eisiúint sa Chlár Daonlathach ag Dáil Éireann i mí Eanáir 1919.

Díríonn an cúigiú haiste ar fhadhbanna den chineál céanna i mbailte Dhún na nGall agus í ag déanamh tagairt de mhiontuairiscí ó Chomhairlí Ceantair Uirbeacha an Chontae agus ó chruinnithe na gCoimisinéirí Baile. Bhí deacrachtaí ag na comhairlí seo bunseirbhísí i bhfoirm soilsiú poiblí, córas uisce agus oibreacha séarachais a chur i bhfeidhm mar gheall ar bhua Shinn Féin sa toghchán bardasach i mí Eanáir 1920, eachtra ansin a bhí lárnach nuair a bhain an Bord Rialtais Áitiúla maoinithe ó na Comhairlí mar dhíoltas. Caitheadh éilimh maidir le tógáil tí agus feabhsú uirbeach in aer go mion minic chun airgid a shaothrú. San aiste dheireanach, breathnaítear ar scéim de chuid Dáil Éireann maidir le Dlí na mBocht a scriosadh (mar a leagadh síos sa Chlár Daonlathach) agus an dóigh ar chuireadh é sin i bhfeidhm don chéad uair i gcontae Dhún na nGall féin. Sa bhliain 1919, bhí Dlí na mBocht agus an soláthar um chúram sláinte fite fuaite ina chéile nuair a thiontaíodh tithe na mbocht agus oifigí Bhoird Chaomhnóirí (a bhí i mbun gach teach na mbocht) ina otharlanna áitiúla. Léiríonn an aiste seo smaoineamh an rialtais réabhlóidigh i dtaca le cúram sláinte a athchóiriú agus sonraítear na díospóireachtaí teasaí a thit amach idir na pobail áitiúla agus an Chomhairle Chontae agus idir an Chomhairle agus Rialtas Áitiúil an Dála mar gheall ar chúram sláinte i nDún na nGall.



Tríd is tríd, tugann an cnuasach seo anailís ghearr chuimsitheach de Réabhlóid na hÉireann agus an cuma a

bhí uirthi i nDún na nGall. Pléitear tuiscintí na bhfear agus na mban a bhí ina gcónaí le linn na ré sin sna haistí seo, chomh maith leis na hathruithe sóisialta agus polaitiúla a tharla sa chontae agus roinnt acmhainn den scoth ón Chartlann Chontae Dhún na nGall. Tá sé mar rún den chnuasach seo modhanna taighde nua a thabhairt do scoláirí agus don phobal araon ó thaobh oidhreacht shaibhir stairiúil Dhún na nGall.

An Dr Ben Rogers.

# Nótaí Buíochais

Tacaíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán leis an Chlár do Dheich mBliana Chomóradh an Chéid ón Roinn Chultúir, Comhairle Chontae Dhún na nGall, agus é faoi thionscnamh an Chláir do Dheich mBliana Chomóradh an Chéid 2012-2023.

Ba mhian le Músaem agus Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Chontae Dhún na nGall a mbuíochas a thabhairt don Dr Ben Rogers, Staraí Cónaithe s'againn do Chomóradh an Chéid, 2021, as a chuid oibre mar staraí cónaithe. Tugaimid ár mbuíochas dó ach go háirithe as a gcuid taighde agus as cnuasach na n-aistí seo a chur le chéile. Creidimid go mbainfear an-leas as na haistí seo ó seo amach maidir leis an tuiscint atá againn faoi ghnéithe sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíocha an tsaoil i gContae Dhún na nGall le linn Cogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad. Tá sé mar rún againn go mbeadh an cnuasach seo ina chuidiú do dhaoine a bhfuil suim acu sa ré staire seo agus go mbeidh siad in ann leas a bhaint as na hábhair shaibhir cartlainne atá ar fáil i gcartlanna, iarsmalanna agus leabharlanna s'againn chun stair na ré sin a iniúchadh níos leithne.

# 1

# Eachtra Réabhlóideach i nDún na nGall: Joseph Murray agus an Cheathrú Bhriogáid (an Chéad Rannán ó Thuaidh)

Ón bhliain 2003 ar aghaidh, mar gheall ar dhigitiú na dtaifead uile ó Bhiúró na Staire Míleata agus ansin iad oscailte ag an Chartlann Mhíleata don phobal, tá rabharta staidéir nach beag déanta ar na heachtraí achrannacha mór le rá idir 1913 agus 1923. Tugann na sonraí a luaigh na fir agus na mná síos in iarratais pinsean s'acu (faoi Achtanna na bPinsean Seirbhíse Míleata 1924 agus 1934) léargas ar na fachtóirí sóisialta, cultúrtha agus polaitiúla a bhí ann ag an am chun iad a stiúradh i dtreo aon ghníomhaíocht réabhlóideach a bhí idir lámha acu. Taispeántar an rud céanna nuair a bhreathnaítear ar ráitis na bhfinnéithe a thugadh chuig Biúró na Staire Míleata tar éis 1947.[1] Níl ganntanas i gceist i nDún na nGall roimh shamplaí de na fachtóirí seo, mar bhuíochas leis an iliomad iarratas pinsin a mhair sa chontae agus na miontuairiscí gníomhaíochtaí ón bhriogáid a scríobhadh chun na hiarratais chéanna a chinntiú. Lena chois sin, tá taifid fhiúntacha leathana ar fáil sa Bhailiúchán Joseph Murray ó Chartlann Chontae Dhún na nGall freisin. Nuair a chuirtear na hábhair éagsúla seo le chéile i bhfoirm cás-staidéar ar Joseph Murray agus an Cheathrú Bhriogáid (an Chéad Rannán ó Thuaidh), is féidir linn léargas iomlán a fháil ar na heachtraí réabhlóideacha a thit amach i nDún na nGall.

Rugadh Joseph Murray i Muineachán sa bhliain 1893. Bhí baint mhór aige leis an CLG agus le Conradh na Gaeilge, cosúil le tromlach na

1 Diarmaid Ferriter, A Nation and Not a Rabble: The Irish Revolution 1913-1923 (Londain, 2015), lgh.17-23; Marie Coleman, 'Military service pensions for veterans of the Irish revolution, 1916-23', War in History, iml. 22, uimh. 2 (2013), lgh.201-21

bhfear óg eile a tarraingíodh agus a mealladh i dtreo an náisiúnachais, agus chuaigh sé le Sinn Féin nuair a bhain sé post mar mhúinteoir bunscoile amach in 1914. Bhog Murray go Bun Dobhráin in 1915 chun post múinteora a ghlacadh agus reáchtáil sé complacht d'Óglaigh na hÉireann sa bhaile céanna in 1917. Ba ghnáthfhear óg neamhphósta é a raibh post buan aige in áit uirbeach; an cineál Óglach a bhí mar chnámh droma na Gluaiseachta i bhfocail Peter Hart nach maireann.[2]



*Joseph Murray agus gunna aige, 1920*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

Idir na blianta 1918 agus 1919, d'eagraíodh na hÓglaigh idir cheithre bhriogáid go garbh de réir na ceithre thoghcheantar pharlaiminteacha a bhí sa chontae ag an am (Tuaisceart, Deisceart, Oirthear agus Iarthar). Nuair a bhaineadh 1921 amach, ainmníodh na briogáidí mar a leanas: an Chéad Bhriogáid (Iarthar Dhún na nGall), an Dara Bhriogáid (Dún na nGall Thoir Thuaidh), an Tríú Bhriogáid (Dún na nGall Thiar Theas) agus an Cheathrú Bhriogáid (Dún na nGall Thoir Theas).[3] Luaigh Murray i ráiteas s'aige chuig Biúró na Staire Míleata, in 1957, go raibh sé ina bhall den Cheathrú Bhriogáid i ndiaidh 1918. I dtosach báire, bhí sé ar dhualgas cosanta do na cruinnithe polaitiúla i mBéal Átha Seanaidh, cosúil leis an uair ar tháinig Éamon de Valera ar chuairt in 1919. Faoi dheireadh na bliana sin, leasaíodh complachtaí na nÓglach a fhad is go raibh siad ag

2 Peter Hart, 'The social structure of the IRA, 1916-23', *Historical Journal*, iml. 42, uimh. 1 (1999), lgh. 207-31.

3 Okan Oseker, *Forging the Border: Donegal and Derry in Times of Revolution, 1911-1925* (An Droichead Nua, 2019), l. 112.

feidhmiú mar chathlán. Bhí Murray mar bhall den Chéad Chathlán, a bhí déanta amach ó na complachtaí ó Bhun Dobhráin, Béal Átha Seanaidh, Béal Leice, Baile an tSratha, Baile Dhún na nGall, Cionn Locha agus ón Tulachán (Contae Liatroma).[4]

Cé go raibh gníomhaíochtaí na nÓglach ann go forleathan i nDún na nGall, níor éirigh leo an éifeacht chéanna dhomhain a bhaint amach is a bhí ag tarlú i gCorcaigh, sa Longfort agus i mBaile Átha Cliath le linn na ré, de réir Hart, Ó Duibhir agus Okan Ozeker.[5] Toisc go raibh coimeádachas folaigh agus cleithiúnas láidir ar imirce shéasúrach ag an Chontae, ní raibh an Chéad Rannán ó Thuaidh in ann tabhairt faoi fheachtas míleata leathan de réir a chéile. Chuaigh tionchar na hEaglaise Caitlicí, go háirithe an tEaspag Patrick O'Donnell ó Dheoise Ráth Bhoth, i bhfeidhm ar an fheachtas chomh maith. Thit an chuid is mó de ghníomhaíochtaí na Briogáide amach i bhfoirm ruathair a rinne siad ar thithe custaim, oifigí poist agus beairicí de chuid Constáblacht Ríoga na hÉireann (C.R.É.). Bunaíodh na gníomhaíochtaí seo ar thraidisiún seanbhunaithe d'fhoréigean logánta i nDún na nGall a tharla i gCogadh na Talún sa naoú haois déag. Idir iarratas pinsin agus ráiteas s'aige chuig Biúró na Staire Míleata, dúirt Murray gur ghlac sé páirt i ruathar ar theach custaim i mBéal Átha Seanaidh ar an 30ú Bealtaine, 1920, in ionsaí ar Oifigigh C.R.É. i nGort an Choirce ar an 6ú Lúnasa agus i roinnt ruathar eile ar bheairicí i mBun Dobhráin agus i mBéal Átha Seanaidh faoi dheireadh na míosa céanna, 1920.[6]

Léiríonn na hionsaithe seo an tuairim a bhí ag Ozseker maidir leis an nádúr 'frithghníomhach' a bhí idir lámha ag na hÓglaigh le linn an fheachtais i nDún na nGall. Is minic nach raibh pleanáil shuntasach déanta ar na hionsaithe míleata seo agus rinneadh iad mar fhreagairt ghasta roimh an láithreacht méadaithe d'fhórsaí C.R.É. agus d'fhórsaí

4 An Chartlann Mhíleata, Bureau of Military History, WS. 1566, lgh. 3-6.

5 Peter Hart, 'The Geography of Revolution in Ireland, 1917-1923', *Past & Present*, 155 (1997), 142-76, at l. 146; Liam Ó Duibhir, *The Donegal Awakening: Donegal and the War of Independence* (Corcaigh, 2009), lch. 1; Ozseker, *Forging the Border*, lgh. 104-105.

6 An Chartlann Mhíleata, Bureau of Military History, WS. 1566, lgh.7-9; Cartlann Chontae Dhún na nGall, Joseph Murray Collection, P/183/8/2/1 (11) – (18).

armtha na Breataine fud fad an chontae. Dhírigh Óglaigh Dhún na nGall go mion ar chuspóirí áitiúla indéanta. Bhí díoltas ag na fórsaí armtha na Breataine a thiontaíodh ina foréigean timthriallach agus thosaigh sé ag dul in olcas go mór ach chan ar an scála céanna is a thit amach i gCorcaigh agus sa Longfort.[7] Dearbhaíodh an nádúr logánta de ghníomhaíochtaí na nÓglach seo i dTuairisc Ghníomhaíochta na Briogáide a scríobhadh faoin Cheathrú Bhriogáid ag deireadh na 1930idí. Is iad na ruathair ar bheairicí C.R.É. agus ar oifigí poist a sheasann amach sa tuairisc sin chomh maith le cur síos a dhéanamh ar ghearradh na línte guthán agus teileagraif a tharla agus luíocháin a dhéanamh roimh fhórsaí armtha na Breataine ó Champa Fhionnúrach taobh amuigh de Bhéal Átha Seanaidh.[8]

I lár a ráitis chuig Biúró na Staire Míleata, d'inis Murray an scéal faoi ruathar misniúil éigin a thit amach ar bheairic Bhéal Leice ar an 5ú Meán Fómhair 1920. Bhraith cur i gcrích an ruathair seo go mór ar otharcharr a sholáthar ó otharlann theach na mbocht áitiúil i mBéal Átha Seanaidh. Bhí roinnt ball Shinn Féin ag feidhmiú mar Bhord Caomhnóirí sa teach oibre (mar a phléitear níos doimhne i gceann de na haistí atá fós le teacht) tar éis na toghcháin áitiúil i mí an Mheithimh 1920. Bhí caomhnóir amháin, James Connolly mar bhall gníomhach den Cheathrú Bhriogáid chomh maith. Cuireann ráiteas Murray síos ar an dóigh a raibh an bhriogáid in ann leas a bhaint as a gcuid teagmhálaí ar an bhord a fhad is go raibh siad in ann an t-otharcharr a fháil i lár an ruathair agus iad ceilte go cliste agus gléasta cultacha arm na Breataine. Chuaigh na hÓglaigh a bhí curtha i gcéill, agus na ruathairí a bhí i bhfolach san otharcharr, ar aghaidh chuig beairic Bhéal Leice agus d'úsáid siad doiciméid bhréige a fuair siad ó Champa Fhionnúrach le fáil isteach. Is ansin ar éirigh leo ruathar ar

7 Peter Hart, *The IRA and Its Enemies: Violence and Community in Cork, 1916-23* (Oxford, 1998); Marie Coleman, *County Longford and the Irish Revolution, 1910-1923* (Baile Átha Cliath, 2003).


8 An Chartlann Mhíleata, Military Service Pension Collection, A/43(2); Eunan O'Halpin, 'The Brigade Activity Reports in Context', in Cécile Gordon (ed.), *The Military Service (1916-1923) Pension Collection: Brigade Activity Reports* (Baile Átha Cliath: An Roinn Cosanta, 2018), lgh. 28-43.

an bheairic agus chuir siad trí thine í.[9] Níor thug údaráis na Breataine neamhaird ar na gníomhaíochtaí seo, áfach, agus is ansin ar thug siad díoltas ar ais i bhfoirm dhúnmharú ar athair James Connolly le linn ruathair a rinne oifigigh de chuid an C.R.É. ar an 14ú Meán Fómhair – ag léiriú gur tharla a leithead d'ionsaithe frithbheartaíochta le linn na ré achrannaí seo.

Rud amháin a thagann anuas agus anuas ó bhailiúchán leathan Murray agus ó iarratas pinsin le haghaidh seirbhís míleata s'aige in 1957, ná an nádúr neamheagraithe treallach a bhí ann ó thaobh ceannasaíochta na nÓglach de i nDún na nGall. Mar shampla, chaitheamh luíochán sa Tulachán in aer i mí Dheireadh Fómhair 1920 de dheasca easpa pleanála. Luaigh Murray i ráiteas s'aige gur mhothaigh sé go raibh brathadóirí ag sceitheadh eolais chuig an C.R.É. nuair is beag nár gabhadh eisean agus roinnt ceannasaí eile an chathláin i rith comhdhála a thit amach i mBun Dobhráin faoi dheireadh na bliana sin.

Bhí ceannaireacht neamhéifeachtach coitianta i measc na gluaiseachta sa chontae. Nuair a ghabhadh Thomas McShea agus Patrick Johnson, toghadh Murray mar OC (Oifigeach i gCeannas) den Chathlán Bhun Dobhráin i mí Aibreán 1921. Agus críochdheighilt na hÉireann ar tí tarlú chomh maith leis an luas a bhí Cogadh na Saoirse ag géarú sna míonna sin roimh an Sos Cogaidh (11 Iúil 1921), ba í meanma na nÓglach ar an rud is dúshlánaí a bhí idir lámha ag Murray. Clúdaítear an dóigh a ndeachaigh an Cheathrú Bhriogáid i ngleic leis na dúshláin seo i leabhar thuairisc ó Aibreán go Meitheamh 1921 de chuid Murray a bhí curtha leis a chuid páipéir ina bhailiúchán. Cuirtear síos ar scéim 'Baghcat Gnóthaí Bhéal Feirste' - scéim a chinntíodh sa Dáil ar an bhliain roimhe mar fhreagairt do na hionsaithe seicteacha a tharla i mBéal Feirste - agus an cur i gcrích a bhaineadh leis an scéim sna páipéir chéanna. Ghabh na hÓglaigh earraí ó stáisiún traenach Bhun Dobhráin agus rinne siad ruathar ar ghnóthaí a bhí i mbun trádála le gnólachtaí Bhéal Feirste a bhí ar an liosta dubh i mBéal Átha Seanaidh agus Bun Dobhráin. Gabhadh gach Óglach nár fhreastal

9 An Chartlann Mhíleata, Bureau of Military History, WS. 1566, lgh. 10-11.



R. I. Constabulary
Co. Inspector's Office,
Enniskillen.
23.9.20

Transmitted.

J. J. Carroll
Capt D.I. for C.I.

The Clerk
Belleek R.D.C.
Ballyshannon.

Ballyshannon 11. 9. 20

On Sunday the 5th inst Belleek R.I.C. Barracks were maliciously entered by armed & disguised men who after raiding the Barracks and destroying property therein Set the building on fire on Same date. The Police visited the scene And found the following articles were destroyed by fire Namely a Suit of clothes Undercloathing Boots brushes Valise belt Pouch frog leggings portions of which were visible it is also alleged ~~that~~ Bank notes a Silver watch & Sundry articles were maliciously destroyed by fire, and the property of Constable Patrick Barron.

Mich McAndrew Sergeant
RIC

To Cormac McGowan Esqr.
Clerk of the Rural District Council of Belleek
Ballyshannon

*Tuairisc ón RIC faoin ruathar ar bheairic Bhéal Leice, 5 Meán Fómhair 1920*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

ar chruinnithe na gluaiseachta. Ina theannta sin, agus iad ag aithint go raibh a leithead de stát an Tuaiscirt ar tí a bheith cruthaithe agus curtha i gcrích, mhéadaigh na hÓglaigh a gcuid ionsaithe in áiteanna timpeall ar cibé teorainn a bheas ann.[10] Is cinnte gur chuidigh ábaltacht

10 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Joseph Murray Collection, P/183/3/6, (1) – (4).


Murray ó thaobh a chathlán a stiúradh de leis a chuid ardú céime go hAidiúnach na Briogáide i mí na Bealtaine agus ansin a ardú céime eile go Leasoifigeach i gCeannas an Cheathrú Bhriogáid san iomlán i mí an Mheithimh.

Sonraítear léargas níos doimhne sna páipéir shuntasacha a chaomhnú Murray tar éis dó Leasoifigeach a bhaint amach ar na heachtraí a tharla tar éis na ré débhríche sin i ndiaidh an tSosa. Cé go raibh naimhdeas idir na hÓglaigh agus fórsaí armtha na Breataine ag ísliú de réir a chéile, bhí roinnt eachtra a tharla i nDún na nGall a chuireann in iúl dúinn nach raibh sin an cás in amanna. Bhí 'Baghcat Gnóthaí Bhéal Feirste' fós i bhfeidhm agus cuireann páipéir Murray in iúl dúinn ar an dóigh ar scrios Óglaigh monarcha phrionta le haghaidh nuachtáin cosúil leis an *Donegal Vindicator* agus an *Donegal Independent*, mar mhaígh na hÓglaigh go raibh na nuachtáin seo ag cur imeachtaí gnólachtaí Bhéal Feirste i gcló.[11] Rinneadh ruathair threallacha i gceantair Bhéal Átha Seanaidh, mar shampla an t-ionsaí ar stáisiún traenach Bhaile an tSratha in 1921, ach is minic a bhí na líomhaintí séanta ag na hÓglaigh maidir leis.[12]

Is féidir léargas a fháil den dóchas agus den mhisneach a bhí ag na hÓglaigh tar éis an tSosa i dtaifid Murray. Is beag ábhair a bhreacadh síos sna bailiúcháin roimh mhí Iúil 1921. Tá seo mar gheall gur thit an tóin as údarás na Breataine - mar a chuirfear na haistí ar rialtais áitiúla in iúl níos moille sa chnuasach - faoin am sin agus bhí na hÓglaigh in ann a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh go poiblí. Léiríonn comhfhreagras Murray ón ré seo go raibh druileanna na nÓglach agus a gcuid tiomsú airgid a reáchtáil go hoscailte agus chan go rúnda.[13] Fógraíodh na heachtraí dá leithead seo gan srian anois i bpáipéir nuachtán báúla cosúil leis an *Donegal Democrat*. Ar an 4ú Samhain, 1921, tuairiscigh an páipéar nuachtáin scéal agus sonraí an chéilí a chuireadh le chéile don Cheathrú Bhriogáid i mBéal Átha Seanaidh.[14]

11 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Joseph Murray Collection, P/183/7/2.
12 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Joseph Murray Collection, P/183/3/8/3.
13 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Joseph Murray Collection, P/183/3/8/6; P/183/3/8/8.
14 *Donegal Democrat*, 4 Samhain 1921.

Tharla a leithead céanna sna contaetha deisceartacha agus Óglaigh agus Dáil Éireann ag feidhmiú go hoscailte le chéile, sular tháinig rannáin chun cinn mar gheall ar shíniúchán an Chonartha Angla-Éireannaigh ar an 6ú Nollaig 1921.[15]


P/183/4/5/3

Battalion Headquarters.
4th Battalion
4th Brigade
1st Northern Div
27th May '22

Brig. J Murray
4th Brigade
1st Northern Div.

Since handing you my report of the 5th Inst. I beg to state that several incidents of an unlawful nature have occurred in this battalion area

During the past three weeks great activity by forces acting under the Executive has been daily in evidence. Numerous raids have be carried out especially on motor Garages from which important parts of motor cars have been stolen and threats of voilence used towards the proprietor on one occasion.

Several arrests have also been made by Executive forces, of men alleged to be cattle thieves, and it has since come to my hearing that these men have been handed over to the Dail troops in Sligo.

On the evening of the 6th Inst Executive forces under Patrick Doherty entered Kinlough & patrolled the village for a short time after which Doherty commandeered dinners in local establishments for his men. Before leaving the village Doherty approached the captain of the local Company under G.H.Q. and threatned ~~no~~ violence and arrest if any parades of the local Coy. took place.

*Sliocht as tuairisc James P. O'Carroll, chuig an Leas-Bhriogáidire Joseph Murray, An 4ú Briogáid, ag tuairisciú faoi eachtraí i ndeisceart Dhún na nGall san am díreach roimh Chogadh na gCarad, 27 Bealtaine 1922*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

Tugann páipéir Murray léargas géarchúiseach dúinn maidir le sárú an tSosa is suntasaí i rith na gcathanna a thit amach i bPaiteagó agus i mBéal Leice idir Bealtaine agus Meitheamh sa bhliain 1922. Ba sin an choimhlint seo, a thosaíodh le hionradh déanta ag na B-Speisialtaigh (rannán speisialta, mar dhea, de Chonstáblacht Ríoga Uladh nuabhunaithe) i bPaiteagó, ar an chéad uair a úsáideadh airtléire in éadan na nÓglach le linn Cogaidh na Saoirse. Neartaíodh an choimhlint seo de dheasca gníomhaíochtaí na nÓglach a bhí ag dul ar aghaidh thart ar an teorainn, chomh maith le tógáil na ngarastún ón Rialtas Sealadach ar thaobh Dhún na nGall den teorainn. Is cinnte gur ardaíodh neamhréireanna de thoradh an fheachtais bolscaireachta a chuir an rialtas Bhéal Feirste i bhfeidhm ar son na nAontachtaithe a bhí cónaí orthu sa cheantar.[16] Ní raibh baint dhíreach ag Murray

15 Ferriter, *A Nation and Not a Rabble*, lgh. 257-68.
16 Liam Ó Duibhir, *Donegal & The Civil War: The Untold Story* (Corcaigh, 2011), lgh. 119-31.

sa chath seo, ach cuireann a chuntas cuimsitheach ar scríobh sé agus na píosaí litríochta comórtha an chatha féin ar choinnigh sé, in iúl dúinn go raibh drochthionchar an choimheascair seo mhuintir Dhún na nGall maidir le fírinní loma na críochdheighilte.[17]

Ní soiléir iad gníomhaíochtaí de chuid Murray nuair a thosaíodh Cogadh na gCarad i Mí an Mheithimh 1922. Níor luaigh sé aon rud faoin Chonradh nó faoi Chogadh na gCarad i ráiteas s'aige chuig Biúró na Staire Míleata, agus níl a dhath céanna le feiceáil faoin choimhlint sin ina pháipéir príobháideach. Tá cuma ar an scéal gur chuir sé stad leis a ghníomhaíochtaí na nÓglach nuair a thosaigh sé ag obair leis na Gardaí Síochána in 1922 agus athlonnaíodh é go dtí an Cabhán, an áit ar éirigh sé as obair sa bhliain 1958 agus céim de cheannfort aige.

Is cinnte go dtugann gníomhaíochtaí Joseph Murray agus an Cheathrú Bhriogáid léargas nach beag dúinn ar Réabhlóid na hÉireann agus an dóigh ar thit sí amach i nDún na nGall. Tarraingíodh Murray, cosúil le cuid is mó d'Éireannaigh na ré sin, i dtreo an náisiúnachais mar gheall ar chúlra cultúrtha agus polaitiúil coiteann a bhí aige. Léiríonn a ghníomhaíochtaí (agus gníomhaíochtaí na Briogáide) i nDún na nGall an nádúr 'frithghníomhach' a bhí ag na hÓglaigh le linn an fheachtais sa chontae, agus chomh maith le sin, an nós logánta a bhí acu maidir leis na hionsaithe. Ní raibh an dóigh ar thit an réabhlóid amach i nDún na nGall ar an chomhleibhéal chéanna ná mar a tharla i roinnt contae eile, ach níor chóir d'easpa déine mar sin dallamullóg a chuir orainn maidir leis na fachtóirí sóisialta, cultúrtha agus polaitiúla forleathan a bhí ag feidhmiú chun Óglaigh cosúil le Murray a tharraingt agus a mhealladh i dtreo Saoirse na hÉireann. Tá na fachtóirí seo le feiceáil agus le himscrúdú i dtaifid phearsanta Murray agus is é sin an fáth go mbeadh scoláirí na todhchaí in ann leas a bhaint astu chun a gcuid léann féin a chur i gcrích.

17 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Joseph Murray Collection, P/183/4/5/3; Ozseker, *Forging the Border*, 169-73.

# 2

# Iarratais Pinsean agus Saol Réabhlóideach na mBan i nDún na nGall, 1919-1925

Ar an 2ú Lúnasa, 1922, tuairiscigh an *Freemans Journal* de thoradh ar ruathar a rinneadh ar bhóthar iarainn in aice le Tamhach an tSalainn. Ní raibh ach breis is mí amháin imithe ó thús Chogadh na gCarad nuair a rinne dhá Óglach 'neamhrialta' robáil ar thraein éigin.[1] Ba í Eithne Coyle, a bhfuil clú agus cáil uirthi ó thaobh Réabhlóid na hÉireann i nDún na nGall de agus fiú ó thaobh na mná réabhlóideacha móra le rá san oileán ar fad de, ar cheann de na hÓglaigh seo. Tagann a cáil agus a clú chun tosaigh i dtuairim an phobail mar gheall go raibh sí ar cheann den dornán mná a ghlac páirt in ionsaithe míleata ar fhórsaí armtha na Breataine i rith Cogaidh na Saoirse agus ar fhórsaí an tSaorstáit i rith Cogaidh na gCarad. Mar sin féin, bhí fachtóirí agus eachtraí sóisialta, cultúrtha agus polaitiúla comhroinnte ag Coyle, mar a bhí ag go leor mná na ré sin, a d'imir tionchar nach beag orthu chun páirt a ghlacadh sa réabhlóid. Is mar bhuíochas le scoláirí i bhfoirm Linda Connolly, Mary McAuliffe, agus Senia Pašeta ar an fháth go bhfuil muid in ann eispéireas réabhlóideach mhná na hÉireann a thuiscint agus a imscrúdú mar is ceart de thoradh fiosrúchán stairiúil cuimsitheach s'acu.[2] Lena chois sin, is féidir linn tagairt a dhéanamh ar na hiarratais pinsean le haghaidh seirbhís mhíleata agus ar an fhianaise shuntasach a chuir mná réabhlóideacha na hÉireann isteach leis tar éis 1934, nuair a bhí grúpaí cosúil le Cumann na mBan cáilithe chun iarratas a dhéanamh agus léargas s'acu ar an réabhlóid a chur i gcloch.[3]

1 *Freemans Journal*, 2 Lúnasa 1922.

2 Linda Connolly (ed.), *Women and the Irish Revolution* (Newbridge, 2020); Mary McAuliffe, *Margaret Skinnider* (Baile Átha Cliath, 2020); Senia Pašeta, *Irish Nationalist Women, 1900-1918* (Cambridge, 2013).

3 Coleman, 'Military service pensions', lgh. 201-21.

Díríonn an aiste seo ar mhná Dhún na nGall a chuir iarratais pinsean isteach agus ar an dóigh a n-osclaíonn an t-eolas a thug siad dúinn smaointe s'againn ar an dóigh ar thit an réabhlóid amach do na mná.

Bhí fachtóirí agus eachtraí sóisialta, cultúrtha agus polaitiúla comhroinnte ag mná réabhlóideacha na hÉireann i nDún na nGall mar an gcéanna is mar a bhí ag a gcomrádaithe fireanna agus sin an fáth ar tharraingíodh iad i dtreo an náisiúnachais. Bhí cuid is mó acu ina ball de Chonradh na Gaeilge agus bhí lámh chuidithe acu maidir le hoscailt agus bunú go leor craobhacha de Chumann na mBan laistigh de Phobail s'acu. Bhí Cumann na mBan, eagraíocht Phoblachtach do mhná amháin, iontach tábhachtach mar fhóram do mhná Dhún na nGall a fhad is go raibh siad in ann smaointe i dtaca le náisiúnachas a roinnt agus áit a fheidhmiú mar líonra dóibh chun cur leis an choimhlint mhíleata. Luaigh Hana Blaney agus May Fullerton, in iarratais pinsean s'acu, go raibh an-tionchar acu ó thaobh craobh Chumann na mBan i Ros na Cille, ar leithinis Fhánada, a bhunú de. Is minic ar thit cruinnithe amach faoi cheilt i dteach Fullerton féin, a raibh ina siopa áitiúil agus teach tábhairne don tsúil neamhoilte. Úsáideadh teach s'aici chun airm a choinneáil faoi rún agus i bhfolach le linn na coimhlinte míleata.[4] (Bhí Neal Blaney, an tOifigeach i gCeannas ar chathlán na nÓglach Áitiúil ina fhear céile do Hana).

Bhí go leor ról príomha ag Cumann na mBan le linn na coimhlinte míleata, amhail teachtaireachtaí agus treoracha a iompar agus faisnéis a bhailiú. Tá cruthúnas dosheánta de seo ar fáil ó na hiarratais pinsean. Dúirt Mary Gallagher, Óglach a bhí ag gníomhú leis an chraobh de Chumann na mBan i mBéal Átha Seanaidh a chuidigh leis an Cheathrú Bhriogáid, in iarratas s'aici go raibh sí ina iompróir teachtaireachtaí don chathlán áitiúil. Luaigh sí chomh maith go raibh a teach ag feidhmiú mar chroílár cumarsáide na nÓglach ó Shligeach, Dún na nGall agus Doire. Tá gach seans go raibh an fhírinne scríofa aici, mar bhí a athair, John Kane i mbun an chathláin i mBéal Átha Seanaidh.

4 An Chartlann Mhíleata, Military Service Pensions Collection, MSP34REF52817; MSP34REF51766.

D'iompar Brigid Cunningham, Óglach eile a bhí ag gníomhú do chraobh Chumann na mBan i nGleann tSúilí, gunnaí agus armlón d'Óglaigh eile thart an ceantar máguaird.[5] Ní i nDún na nGall amháin a bhí gníomhaíochtaí dá leithead seo le feiceáil, bhí gach ball de Chumann na mBan - mar gheall ar thiomsú airgid agus bailiú faisnéise s'acu – an-tábhachtach ar fad don fheachtas míleata an rialtais réabhlóidigh fud fad na hÉireann ar fad. Go ginearálta, measadh nach raibh na mná chomh hamhrasach is a bhí na fir, fir a bhí de ghnáth 'ar a sheachaint' ó na húdaráis. Is de thoradh ar seo go raibh na mná in ann scabhtáil a dhéanamh agus uirlisí troda a iompar gan mionscrúdú agus iniúchadh déanta orthu.[6] Ní hé sin nach ndearna fiosrúchán ar bith ar roinnt bean, áfach. Chuir May Fullerton síos in iarratas pinsin s'aici go ndearna na Dúchrónaigh ruathar ar a siopa agus a teach tábhairne i Ros na Cille in 1920.[7]

Tugtar faoi deara óna iarratais seo nach raibh róil na mball sin a bhí páirteach i gCumann na mBan le linn na coimhlinte míleata chomh tábhachtach is na róil a bhí ag na hÓglaigh fhireanna. De ghnáth, an rud a bhí i gceist leis na róil 'inscneacha' seo ná cúram a thabhairt do na daoine gortaithe, chomh maith le héadaí s'acu a ní agus béilí a shocrú dóibh.[8] Chuir Lena Duffy agus Mary Meehan síos ina cuid iarratais gur ullmhaigh siad béilí go minic do na hÓglaigh áitiúla agus chuir siad i bhfolach iad nuair a bhí na hÓglaigh 'ar a sheachaint'.[9] Cuireadh béim ar na steiréitíopaí inscneacha seo sa dioscúrsa náisiúnta. Ar an 16ú Nollaig, 1921, tuairiscigh an *Donegal Democrat* ar dhruileanna míleata arna déanamh ag na hÓglaigh i mBaile an tStratha. Dhearbhaigh an nuachtán go raibh na baill áitiúla de Chumann na mBan in ann 'a gcumas a léirigh, ag breathnú ar an dóigh ar ullmhaigh agus ar thug siad breis is 1000 cupán tae amach do na hÓglaigh, agus sin déanta

5 An Chartlann Mhíleata, Military Service Pensions Collection, MSP34REF36888.
6 Ferriter, *A Nation and Not a Rabble*, l. 212.
7 An Chartlann Mhíleata, Military Service Pension Collection, MSP34REF52817.
8 John Borgonovo, 'Cumann na mBan, Martial Women, and the Irish Civil War', in Connolly (ed.), *Women and the Irish Revolution*.
9 An Chartlann Mhíleata, Military Service Pension Collection, MSP34REF5223; MSP34REF35425.

in achar gearr'.[10] Ar a bharr sin, soiléirítear in iarratais pinsean s'acu go raibh saghas dearmad déanta orthu ó thaobh scéal oifigiúil na réabhlóide de. Chuir Hana Blaney síos in iarratas s'aici go raibh sí ag feidhmiú mar réamhscabhta roimh an ionsaí ar theach solais Fhánada a bhí stiúrtha ag a fear céile agus curtha i gcrích ag cathlán na nÓglach áitiúil ar an 4ú Meán Fómhair, 1920.[11] Ar an taobh eile, bhí an Dr J.P. McGinley (Ceannasaí na nÓglach Leitir Ceanainn agus T.D. sa Dara Dáil Éireann ina dhiaidh) i gceannas ar an ionsaí seo chomh maith, agus níor luaigh sé ainm Hana i ráiteas níos déanaí s'aige chuig Biúró na Staire Míleata.[12]

Is téama coitianta é na scoilteanna a chruthaíodh laistigh de náisiúnachas na hÉireann tar éis síniú an Chonartha Angla-



*Eithne Coyle, i lár*
(Le caoinchead ó Chartlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)

10 *Donegal Democrat*, 16 Nollaig 1921.
11 An Chartlann Mhíleata, Military Service Pension Collection, MSP34REF51766.
12 An Chartlann Mhíleata, Bureau of Military History, WS. 1473, lgh. 8-9.

Éireannaigh ar an 6ú Nollaig 1921, agus tá siad le feiceáil go mion sna hiarratais. Neamhchosúil leis an scoilt a thit amach idir na hÓglaigh nuair a dhaingnigh an Dáil an Conradh ar an 7ú Eanáir, 1922, chaith baill Chumann na mBan a vótaí go bríomhar in éadan an Chonartha ag coinbhinsiún ar an 5ú Feabhra. Scaipeadh agus sleamhnaigh an dearcadh seo isteach i ngníomhaíochtaí na mBan éagsúil i nDún na nGall mar fhreagairt ar an deighilt pholaitiúil a bhí ag méadú. Tháinig an ruathar sin a rinne Eithne Coyle i dTamhnach an tSalainn i mí Lúnasa 1922, mar atá luaite ní ba luaithe, le chéile mar gheall ar a frithbheartaíocht in aghaidh an Chonartha agus a tacaíocht leanúnach a léirigh sí do 'Bhaghcat Gnóthaí Bhéal Feirste'. Stadadh an baghcat go hoifigiúil níos luaithe sa bhliain nuair a bhí an Rialtas Sealadach ag iarraidh comhréiteach ar Rialtas an Tuaisceart a dhéanamh.[13] D'iompar cuid ball de Chumann na mBan eile, cosúil le Mary Meehan, airm do na fórsaí Frithchonartha sa chontae.[14] Le sin ráite, ní raibh ábaltacht na mban chomh leathan [i rith Cogaidh] na gCarad ó thaobh seirbhísí bailiúchán na bhfaisnéisí de. Bhí fórsaí an tSaorstáit, agus ní hionann a leithéidí in Arm na Breataine, in ann a gcéilí comhraic a aithint agus ansin iad a lagú.[15] Dúirt Hana Blaney, Óglach ar roghnaigh taobh an Frithchonartha mar aon leis a fear céile, gur éirigh le fórsaí an tSaorstáit ruathar a dhéanamh ar an taisce arm a thit amach i dteach s'aici i Ros na Cille sa bhliain 1922. Chuir sí stad láithreach lena gníomhaíochtaí in aghaidh an Chonartha nuair a bhású Charles Daly, Sean Larkin, Daniel Enwright, agus Timothy O'Sullivan ag Caisleán Dhroim Bó ar an 14ú Márta, 1921 faoi bheartas básaithe an tSaorstáit. Níor stad sí, áfach, a bheith i bhfách le príosúnaigh a bhí in aghaidh an Chonartha agus a ghabhadh sna blianta a tháinig ina dhiaidh.[16] Ní raibh mná amháin i gceist maidir leis na heachtraí seo i nDún na nGall, ach is samplaí maith iad a léiríonn na hiarmhairtí sóisialta leathan a thit amach sa chontae de dheasca na coimhlinte míleata.

13 Cormac Moore, *Birth of the Border: The Impact of Partition in Ireland* (Newbridge, 2019), l. 123.

14 An Chartlann Mhíleata, Military Service Pension Collection, MSP34REF35425.

15 Borgonovo, 'Cumann na mBan'.


16 An Chartlann Mhíleata, Military Service Pension Collection, MSP34REF51766.

Tá na hiarmhairtí seo le feiceáil go soiléir nuair a bhreathnaítear ar na cúrsaí foréigin a tharla do mhná i nDún na nGall le linn na réabhlóide. Cé go mbíonn sé inghlactha inniu go raibh foréigean déanta ar mhná le linn na réabhlóide, ní luaitear ach cineálacha áirithe d'fhoréigean sna taifid oifigiúla agus déantar dearmad ar chineálacha eile. Tá bearradh gruaige éigeantach, mar a léirigh Connolly, inghlactha go forleathan mar chleachtas inscneacha ar fad a tharla le linn na réabhlóide.[17] Is minic a chuireadh ina leith go raibh íospartaigh an bhearrtha seo i gclaonpháirt le fórsaí an namhad, ba chuma cé acu caidreamh pearsanta nó cúrsaí trádála a bhí i gceist. Tá neart eolais ar fáil sna taifid ag na Comhairlí Ceantair Tuaithe maidir le bearradh gruaige mar is minic ar thaisc íospartaigh éileamh ar chúiteamh leis na comhairlí maidir le gortú agus damáiste mailíseach. Ar an 11ú Nollaig, 1920, thaisc Ellen Gillen éileamh ar chúiteamh de mhéid 100 punt chuig Comhairle Ceantair Tuaithe Bhaile Átha Seanaidh, mar aon le tuairisc ón C.R.É. a chinntiú go raibh a gruaig bearrtha ar an mhí sin roimhe.[18] Níl a leithead de chomhthéacs níos doimhne ar fáil ó thaifid an chomhairle ag míniú cén fáth ar tharla na hionsaithe seo, is cinnte go raibh na cúiseanna luaite ar an leathanach roimh seo ann, ach is cinnte fosta go raibh fáthanna agus móitífeanna éagsúla eile i gceist ag an am céanna. Ar an drochuair, rinneadh cásanna foréigin níos tromchúisí ar mhná na ré sin chomh maith, mar shampla ionsaithe fisiceacha agus ionsaithe gnéasacha, ach ní minic a luaitear iad sna taifid oifigiúla; níl a fhios againn an raibh drogall ar na híospartaigh an scéal a thuairisciú nó an iad na húdaráis a ghlac na tuairiscí agus ní raibh deifir orthu iad a fhiosrú nó a sheoladh ar aghaidh.

Tugtar faoi deara go príomha ó na hiarratais pinsean seo a chuir mná i nDún na nGall isteach, ná bhí an próiseas tarraingthe amach agus gan ráth in amanna. Cé go raibh baill Chumann na mBan cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar phinsean a fháil ón bhliain 1934 ar aghaidh,

17 Connolly, 'Towards a Further Understanding of the Sexual and Gender-Based Violence Women Experienced in the Irish Revolution', in Connolly (ed.), *Women and the Irish Revolution*

18 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Ballyshannon Rural District Council – Miontuairiscí, RDC/1/1/15, 10 Nollaig 1920, l. 98.



2

98

The following Letters and Reports were read, and Orders made thereon, as follows:—

Read letter from the Local Government Board date 10th December, 1920. giving particulars of Interest on Local Loans.

Read letter from the Hibernian General and Fire Insurance Co Ltd. 49 Dame St Dublin stating that that the Company are now allowing a discount of 15% off the annual premiums in consideration of the District Council having agreed to continue the Insurance with the Company for a period of five years.

Read letter from Dail Eireann, Department of Local Government date 15th November, 1920, with reference to the auditing of the accounts.

Minute.—
"Kept over till next meeting".

The following Malicious Injury Claims were submitted and no action taken.

| | | |
|---|---|---|
| Mrs. M. Lipsett | Burning of Stack of Hay | £200:0:0 |
| William Berry | Damage to Windows | 100:0:0 |
| George Hughes | Damage to Flax | 40:0:0 |
| Ellen Gillen | Hair Cut off her head | 100:0:0 |

Report signed by Sergt Fannon R.I.C. Ballyshannon date 27th November, 1920. re cutting of the hair off Ellen Gillen's head was read.

Report signed by Sergt Reilly. R.I.C. Bundoran date 8th inst re burning of a stack of hay on Mr Arthur Lipsett's farm in the townland of Magheracar was read.

*Sliocht as miontuairiscí cruinnithe de chuid Chomhairle Ceantair Tuaithe Bhéal Átha Seanaidh, 11 Nollaig, 1920*

(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

bhí próiseas fadálach i gceist dóibh chun ceann a fháil mar gheall ar an dearcadh oifigiúil a bhí ann ag an am maidir le gan 'pinsean bog' ar bith le heisiúint amach.[19] Rinne Hana Blaney iarratas chun pinsean a fháil i mí na Nollag 1936 agus bhí uirthi raidhse constaicí maorlathacha ar fad a shárú ar feadh na mblianta go dtí go bhfuair sí é i Meán Fómhair 1941. Bhí uirthi cuntas s'aici de ghníomhaíochtaí ar fad a bhí aici le linn Cogaidh na Saoirse a chur ina chéad iarratas, chomh maith le ráiteas a thabhairt chuig oifigigh na bpinsean (ansin ceistíodh go trom é le linn agallaimh thras-scríofa) agus bhí uirthi teistiméireachtaí a fháil ó sheanbhaill de chuid an Dara Bhriogáid.[20]

Bhí eispéireas Blaney seo coiteann i measc go leor mná eile ó Dhún na nGall a chuir iarratas pinsin isteach. Mar shampla, bhí ar Lena Duffy teistiméireacht charachtair a fháil ó Cormac Breslin (T.D. Fhianna Fáil i nDún na nGall Thiar) sa bhliain 1938, cé gur chuir sí iarratas s'aici isteach in 1935. Ní bhfuair sí a pinsean go dtí 1940 agus níor tugadh ach breis is bliain amháin seirbhíse don choimhlint mhíleata di.[21] Os a choinne sin, ní raibh iarrthóirí fireanna ag fanacht an méid ama chéanna ar a bpinsean, agus de ghnáth fuair siad suim níos mó a bhí bunaithe ar thuilleadh blianta seirbhíse. Chuir Neal Blaney, fear céile Hana, iarratas s'aige isteach sa bhliain 1934 agus cé go raibh roinnt constaicí maorlathacha féin aige, d'éirigh leis a phinsean a fháil in 1937 agus fuair sé suim do 8 mbliana de sheirbhís mhíleata.[22]

Bhí mná chomh tábhachtach céanna lena gcomrádaithe fireanna i dtaca le réabhlóid na hÉireann i nDún na nGall. Léiríonn na hiarratais pinsean a chuireadh isteach i ndiaidh 1934 go raibh eachtraí agus nithe cultúrtha agus polaitiúla comhroinnte ag mná Dhún na nGall, cosúil leis na heachtraí agus nithe a bhí ag na hÓglaigh fhireanna, agus sin an dóigh ar tharraingíodh iad i dtreo polaitíocht an náisiúnachais. Bhí cuid is mó de na mná a thaisc iarratas isteach ina ball de Chumann na mBan agus chuidigh siad leis an choimhlint mhíleata trí sheirbhísí

19 Ferriter, *A Nation and Not a Rabble*, lgh. 319-27.
20 An Chartlann Mhíleata, Military Service Pension Collection, MSP34REF51766.
21 An Chartlann Mhíleata, Military Service Pension Collection, MSP34REF5223.
22 An Chartlann Mhíleata, Military Service Pension Collection, MSP34REF32265.

bailiúchán faisnéise agus gnéithe lóistíochta. In ainneoin seo, tugadh go leor róil inscneacha taobh istigh de Réabhlóid na hÉireann do na mná agus rinneadh barraíocht foréigean orthu. Ar a bharr sin, tugann na hiarratais pinsean do Chontae Dhún na nGall léargas dúinn nach raibh seirbhísí na mban curtha san aicme chéanna is mar a bhí na hÓglaigh fhireanna agus tugann seo deis do scoláirí ábhair machnamh a dhéanamh ar seo agus níos mó taighde a dhéanamh féin chun an scála a chothromú.



*Cumann na mBan, Anagaire, Contae Dhún na nGall, c. go d.: Mary Phaidí Bhig, Annie William, Biddy William, Roise Jimmy Theague, Mary William*


# 3

# Comhairlí Ceantair Tuaithe i nDún na nGall, 1918-20: Náisiúnachas Bunreachta san Idirthréimhse

Ar an 3 Meán Fómhair, 1920, chaith baill Chomhairle Ceantair Tuaithe Leitir Ceanainn a vótaí chun 'Dáil Éireann a aithint mar rialtas *de jure* agus tofa mar is cuí do gach Éireannach'. Leanadh rún eile ar an 3ú Nollaig 1920, nuair a ghníomhaíodh nach 'aithneofar an Rialtas Áitiúil Shasanach níos mó ó seo amach'.[1] Sheas an faomhadh oifigiúil seo ó pharlaimint réabhlóideach na hÉireann mar fhorbairt nach beag do Dhún na nGall, tháinig an rialtas seo le chéile don chéad uair ar an 21ú Eanáir 1919 agus bhí baill Shinn Féin a staon ó Westminster tar éis bua s'acu san olltoghchán 1918 páirteach leis. Cé gur bhain Sinn Féin Dhún na nGall trí chathaoir Westminster amach as ceithre chinn in 1918 (lena n-áirítear ceann amháin bainte ag Joseph Sweeney, seanfhondúir den Éirí amach 1916), ní raibh bealach glansoiléir ag an chontae i dtreo na polaitíochta réabhlóidí. Sular thit Géarchéim an Choinscríofa amach in 1918, éacht a éascaíodh bua toghchánach Shinn Féin go mór, bhí Dún na nGall mar chrann taca le haghaidh náisiúnachas bunreachta. Bhí tacaíocht láidir do Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann (PPÉ), agus ní an oiread céanna ach, d'Ord Ársa na nÉireannach chomh maith. Leanadh seo ar aghaidh sna dúichí agus ghlac PPÉ agus roinnt Aontachtaí seilbh ar ais ar Chomhairlí Ceantair Tuaithe Dhún na nGall go dtí go raibh ráth toghchánach níos láidre ag Sinn Féin san Olltoghchán 1920.Ní raibh smacht iomlán ag Sinn Féin ar na Comhairlí i ndiaidh 1920. Is

1 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Leitir Ceanainn–Miontuairiscí, RDC/6/1/12, 3 September 1920, l. 181; 3 Nollaig 1920, l. 211.

mar gheall ar thosú na hionadaíochta cionmhaire, chomh maith leis an tacaíocht fholaithe a bhí ann do PPÉ agus d'Aontachas, go raibh tionchar ag comhairleoirí ó na grúpaí seo fós. Agus sin ráite, léiríonn an idirthréimhse laistigh de na Comhairlí Ceantair Tuaithe Dhún na nGall seo an tuairim a bhí ag Diarmaid Ferriter go raibh saghas 'Cogadh na Saoirse polaitiúla fite fuaite lena chéile' a bhí ann nuair a chuir Sinn Féin a smacht ar rialtas áitiúla i gcloch agus mar sin bhí siad in ann an daonra a choimhthiú ó údaráis na Breataine.[2]


Telephone Victoria 3672.
Telegraphic Address: London, Victoria 3672.

Bankers: Messrs. Coutts & Co. 440 Strand, W.C. 2.

The Proportional Representation Society.

President. Earl Grey.
Chairman of General Council. The Rt. Hon. Lord Parmoor, K.C.V.O.
Vice-Presidents.
The Rt. Hon. Lord Balfour of Burleigh, K.T.
The Rt. Hon. G. N. Barnes, M.P.
The Rt. Hon. Earl Beauchamp, K.G.
The Rt. Hon. Lord Birkenhead.
The Viscount Burnham, C.H.
The Rt. Hon. Thomas Burt.
The Rt. Hon. Lord Robert Cecil. K.C., M.P.
The Lady Courtney of Penwith.
Mrs. Henry Fawcett. LL.D.
The Rt. Hon. Marquess of Lansdowne. K.G.
The Rt. Hon. Viscount Milner. G.C.B.
The Rt. Hon. Sir Alfred Mond. Bart., M.P.
The Rt. Hon. G. H. Roberts. M.P.
The Rt. Hon. Earl Selborne K.G.
The Rt. Hon. Sir John Simon. K.C.
Robert Smillie President, Miners' Federation of Great Britain
The Rt. Hon. J. H. Thomas. M.P.
*Chairman of Executive Committee.* Aneurin Williams. M.P.
*Hon. Treasurers.* Major A. C. Morrison-Bell, M.P. / J. Fischer Williams. C.B.E.

Reply to John H. Humphreys, *Secretary*

82 Victoria Street (Flat 24),
Westminster,
London, S.W. 1.

May 15th 1920

The Town Clerk,
Town Hall
Buncrana

Dear Sir,

I venture to enclose, with the compliments of my Executive Committee, a copy of the new issue of <u>Representation</u> which contains the most complete survey that has been published of the Irish Municipal P. R. elections in January last.

These elections were by far the most severe test of the P. R. system in this country and they were its most important success. That that success may be repeated, and even improved upon in the approaching Irish elections in June, is the hope of all supporters of P.R. and well-wishers of Ireland.

Yours faithfully,
John H Humphreys
Secretary.

*Litir ó Chumann Ionadaíochta Cionmhaire na hÉireann chuig Comhairle Ceantair Tuaithe Bhun Cranncha, maidir le toghchán 1920, 15 Bealtaine 1920*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

2 Ferriter, *A Nation and not a Rabble*, l. 214.

Bunaíodh na Comhairlí Ceantair Tuaithe faoin Acht um Rialtas Áitiúil (in Éirinn) in 1898 chun éilimh maidir le Rialtas Dúchais i mBaile Átha Cliath a mhaolú. Chuir na Comhairlí Ceantair Shláintíochta nua, a chuireadh le chéile faoi réir ag na hAontais faoi Dhlí na mBocht, i bhfeidhm. Bunaíodh na hAontais faoi Acht Dlí na mBocht in Éireann 1838, ach ní raibh siad freagrach ach as tithíocht, bóithre, reiligí agus seirbhísí sláintíochta. Mhair na hAontais seo faoi Dhlí na mBocht, mar a chuirfear síos san aiste atá le teacht, agus bhí go leor comhairleoirí tofa chun suí ar na Boird Chaomhnóirí a bhí i mbun na n-aontas. Maoiníodh na Comhairlí trí rátaí áitiúla a bhailiú ó thithe agus ó ghnóthaí. Bhí Comhairle Contae Dhún na nGall freagrach as earnáil tábhachtacha dá leithead oideachas agus tógáil na bpríomhbhóithre. Bhí Bord an Rialtais Áitiúil, lonnaithe i dteach custaim Bhaile Átha Cliath, i gceannas ar na Comhairlí agus thug sé deontais agus iasachtaí ar aghaidh chun seirbhísí a mhaoiniú.[3]

Faoin am a chuireadh stad leo, bhí ocht gComhairle Ceantair Thuaithe i nDún na nGall; Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, Dún Fionnachaidh, na Gleannta, Inis Eoghain, Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach, Srath an Urláir. Bhí Comhairlí Ceantair Thuaithe i Srath Bán (Leifear) agus i nDoire (An Bheart, Cill Fhéich agus Ceann an Droichid). Mar gheall ar bhunú an Tuaiscirt i mí Bhealtaine 1921, ghlac na comhairlí i Srath an Urláir agus in Inis Eoghain seilbh ar na comhairlí sa tSrath Bán agus Doire mar bhí críocha s'acu ag dul in adharca leis an teorainn náisiúnta nua seo. Cuirfear síos ar na bailte móra mar shampla Leitir Ceanainn, Bun Cranncha, Bun Dobhráin agus Béal Átha Seanaidh sna haistí atá fós le teacht ach riaradh iad ag na Comhairlí Ceantair Uirbeacha agus ag na Coimisinéirí Baile. Tháinig na Comhairlí Ceantair Tuaithe le chéile uair amháin, de

3 Arlene Crampsie, 'Governmentality and locality: an historical geography of rural district councils in Ireland, 1898-1925', (Unpublished PhD Thesis: Trinity College Dublin, 2008); Matthew Porter, *The Municipal Revolution in Ireland: A Handbook of Urban Government in Ireland since 1800* (Newbridge, 2011), Lch. 6; Diarmaid Ferriter, *'Lovers of Liberty?': Local Government in 20th Century Ireland* (An Chartlann Náisiúnta: Baile Átha Cliath, 2001).

ghnáth, agus bhí siad ag feidhmiú amach ó na tithe oibre de chuid na hAontais.

Tugann na miontuairiscí suntasacha a mhaireann ó Chomhairlí Ceantair Dhún na nGall léargas iontach dúinn ar an dóigh ar thit réabhlóid na hÉireann amach sna dúichí. Idir 1919 agus 1926, bhí na Comhairlí in ann a bhfeidhmeanna laethúla a bhaint amach agus ba chuma faoi sheasamh polaitiúil s'acu nó an choimhlint mhíleata a bhí ag dul ar aghaidh. D'iniúch siad feirmeacha áitiúla, léasaigh siad teachíní faoi Achtanna na nOibrithe (in Éirinn) (1906, 1911 agus 1919), rialaigh siad soláthar an bhreosla áitiúil, mhachnaigh siad líomhaintí damáiste le haghaidh gortuithe mailíseacha agus chaomhnaigh siad na córais uisce agus séarachais sa cheantar. Ba iad na mórcheisteanna seo a bhí ar an chlár sna comhairlí de ghnáth. Bhí orthu, áfach, dul i ngleic le roinnt fadhbanna náisiúnta cosúil le ráig an fhliú Spáinnigh a tharla idir 1918 agus 1920. Tuairiscíodh i mí Eanáir 1919 go raibh Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún Fionnachaidh in ann troid in éadan ráig an fhliú mar gheall ar shíntiús flaithiúil príobháideach a thugadh d'otharlann fiabhras an cheantair. [4]

Chlóigh na Comhairlí Ceantair Tuaithe leis na seanseirbhísí seo ag úsáid modhanna éagsúla. Bhí bailiúchán na rátaí áitiúla neamhsheasmhach agus mar gheall ar sin bhí na comhairlí ag brath ar fhóirdheontas bliantúil de shuim £1.5 milliún a thug an Bord Rialtais Áitiúil dóibh (fóirdheontas a stadadh i ndiaidh an olltoghcháin i Mí an Mheithimh 1920. Is iomaí íocóir rátaí a chúisíodh ag Cúirteanna na gComhairlí agus iad siúd a dhiúltú na rátaí a íoc, ní raibh céad acu teachín a fháil (mar a tharla do Joseph Hegarty a chuir iarratas isteach chuig Ceantair Thuaithe Leitir Ceanainn i mí na Samhna 1919 chun teachín oibrí a fháil).[5] Bhí ar cuid comhairlí eile airgead a fháil ar iasacht chun obair riachtanach a mhaoiniú, go háirithe Comhairle Ceantair Thuaithe Bhaile na nGallóglach. Fuair an chomhairle seo suimeanna móra ó

4 *Derry Journal*, 27 Eanáir 1919.

5 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Letterkenny RDC – Miontuairiscí, RDC/6/1/12, 6 Samhain 1919, l. 21.

Bhanc an Tuaiscirt i Rath Maoláin chun oibreacha uisce a thógáil don Chabhlach Ríoga ag Loch Súilí.[6] D'éirigh bailiúchán na rátaí agus diúltú na híocaíochtaí níos measa do Shinn Féin - agus cuirfear síos ar seo go domhain sa chéad aiste eile - i ndiaidh 1920 nuair a bhaineadh maoiniú ón Bhord Rialtais Áitiúil dóibh.

Roimh thoghchán áitiúil na Comhairlí Ceantair Tuaithe i mí an Mheithimh 1920, bhí fadhbanna ag na comhairlí cheana maidir le stocaireacht ar cheisteanna náisiúnta. D'éirigh le PPÉ agus an Eaglais Chaitliceach (tríd a leithead den Easpag O'Donnell) líonraí suntasacha a bhunú i bpolaitíocht áitiúil chomh maith le polaitíocht náisiúnta faoin am sin.[7] Bhí seo le feiceáil go mór nuair a bhí díospóireacht an choinscríofa ag tarlú luath sa bhliain 1918. Ar an 18ú Aibreán 1918, d'agóid Comhairle Ceantair Tuaithe Inis Eoghain in aghaidh an choinscríofa agus d'aontaigh siad go raibh siad 'bailí maidir leis a bhfód a sheasamh in aghaidh an bhirt ar gach aon chúis'.[8] I ndeireadh na dála, níor tugadh an coinscríobh isteach, ach chuidigh sé le rath toghchánach Shinn Féin san olltoghchán 1918 ar aon chúis mar gheall ar uafás an phobail a chruthaíodh ina éadan. Is féidir fianaise breise den eagar polaitiúil a bhí taobh istigh de na Comhairlí Ceantair Tuaithe a mheas trí shúil a chaitheamh ar an dóigh a ndeachaigh na comhairlí i ngleic le críochdheighilt na hÉireann a bhí ar tí tarlú agus, ní an oiread céanna ach, leis an Bhille Oideachais (in Éirinn).

Faoi 1919, bhí sé soiléir go raibh éifeachtacht na hionadaíochta Aontachtaí, a tháinig chun cinn le dul in aghaidh an Bhille Dhúchais in 1912, chomh láidir chun críochdheighilt éigin a dhéanamh ar Chúige Uladh agus é a scaradh ó chuid eile d'Éireann. Chuir Bille Rialtais na hÉireann, a tháinig isteach luath sa bhliain 1920 agus a rinneadh ina dlí de faoin Nollaig, dhá pharlaimint dúchais éagsúla ar fáil. Parlaimint amháin do dheisceart na hÉireann, agus ceann amháin

6 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Milford RDC – Miontuairiscí, RDC/7/1/22, 11 Eanáir 1919, l. 24.

7 Ozseker, *Forging the Border,* lgh. 14-20.

8 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Inishowen RDC – Miontuairiscí, RDC/5/1/11, 18 Aibreán 1918, l. 20.

eile do na sé chontae a thiontófar go Tuaisceart Éireann.[9] Ba é Dún na nGall ba mhó a bhí thíos leis an ghníomh seo mar srianadh cúrsaí eacnamaíochta an chontae de bharr ar, go háirithe ó thaobh úsáid an chalafoirt thábhachtaigh i nDoire de, agus scaradh an contae ó chuid eile d'Éireann ar fad. Bhí na Comhairlí Ceantair Tuaithe ar cheann de na chéad ghrúpaí chun seasamh s'acu a fhógairt in aghaidh na críochdheighilte. Ar an 21ú Feabhra, 1920, rinne Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall aithris ar rún a macasamhlacha ó Mhuineachán agus dúirt siad:

> Agóidimid go diongbháilte, mar Éireannaigh agus mar ionadaithe tofa ó dhaonra déanta amach go huile is go hiomlán d'Ultaigh, agus muid ag feidhmiú ar son an C.C.T. Dhún na nGall, in éadan gach scéim atá ag iarraidh ár dtír agus muidne a scaradh ónár gcomhthírigh sa deisceart agus san iarthar.
>
> Is Éireannaigh muid agus ní aithnímid ach náisiún amháin anseo sa tír seo in Éirinn.
>
> Agus muidne inár nUltaigh bhródúla, agus bródúil as ár gCúige féin, fógraímid nach n-aithnímid Cúige Uladh níos mó ná mar a aithnímid Cúige Mumhan. Is frith-Éireannach agus mínádúrtha gach pléann é sin ar scaradh a dhéanamh ar dhaonra iomlán de dheasca ordú ó ghrúpa mionlaigh de pháirtiseáin antoisceacha agus bróicéirí cumhachta scroblála agus geallaimid féin agus ár dtoghthóirí gan géilleadh a dhéanamh faoi go brách na beithe.[10]

Bhí leibhéil d'ionadaíocht chéanna le mothú ag na Comhairlí Ceantair Tuaithe os comhair an Bhille Oideachais 1919. Mhol an bille gur chóir dóibh roinn oideachais lárnach a chruthú a bheas in ann oideachas idirmheánach a athchóiriú, chomh maith leis na boicht a spreagadh chun freastal ar an mheánoideachas agus luach saothair a ardú do

9 Paul Murray, *The Irish Boundary Commission and its Origins 1886-1925* (Dublin, 2011), lgh. 21-59; Moore, *Birth of the Border,* lgh. 16-29.

10 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall – Miontuairiscí, RDC/2/1/6, 21 February 1920, lgh. 123-4.


mhúinteoirí. Throid an Eaglais Chaitliceach i gcoinne an bhille mar bhí siad den tuairim go lagófar a smacht ar chúrsaí oideachais. Mhothaigh polaiteoirí an náisiúnachais go gcuirfear lagmhisneach ar chultúr na hÉireann mar gheall ar.[11] Ar an 8ú Márta 1920, luaigh Comhairle Ceantair Tuaithe Inis Eoghain a gcuid 'míshástacht faoi na bearta ar son athchóiriú oideachais agus feidhmiú críochdheighilte a rinne Rialtas na Breataine machnamh orthu chun iad a chur i gcrích ar an tír' agus a gcuid 'misneach a fhad is go mbeidh deireadh curtha leo ar an dóigh chéanna go raibh deireadh curtha leis an choinscríobh'.[12] Chuaigh an Bille Oideachais i léig ach fíoraíodh an chríochdheighilt nuair a dhaingníodh an tAcht um Rialtas na hÉireann agus rugadh Tuaisceart Éireann i mí an Mheithimh 1921.

Is mar gheall ar dhóchúlacht na críochdheighilte, teacht chun cinn Chogadh na Saoirse agus fás leanúnach Shinn Féin gur athraíodh tuairim an phobail in aghaidh Páirtí Pharlaimintigh na hÉireann. Mhothaigh cuid comhairleoirí go raibh a leithead ar tí tarlú agus rinne siad iarracht a gcailleadh dosheachanta sa toghchán áitiúil a sheachaint. Ar 10 Bealtaine 192, chealaigh comhairleoirí Inis Eoghain a rún roimh ré a chuir siad i bhfeidhm leis an Éirí amach 1916 nuair a cháin siad go raibh 'gníomhaíochtaí na gceannasaithe Shinn Féin in ann damáiste gan ciall a dhéanamh ar bheathaí agus ar réadmhaoin i mBaile Átha Cliath.[13] Bhí na comharthaí seo gan tairbhe sa deireadh, mar éirigh le Sinn Féin a bheith ina bpáirtí is mó i gComhairlí Ceantair Tuaithe Dhún na nGall tar éis mí an Mheithimh 1920, ach deireadh thiar thall bhí rialachas níos deacra acu.

11 Sean Farren, The Politics of Irish Education 1920-1965 (Belfast, 1995), l. 24.

12 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Inis Eoghain – Miontuairiscí, RDC/5/1/11, 8 Márta 1920, l. 419.

13 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Inis Eoghain – Miontuairiscí, RDC5/1/11, 10 Bealtaine 1920, l. 457.



123

3

No 29 M./1920 Letter from the Local Government
13/2/1920 Board stating that Returning Officers
should abstain from engaging the services of
Pres. Officers Poll clerks or other Election Officers
& from giving orders for Stationery Ballot
Boxes or other appliances for taking the
Poll or Counting of the Votes or incurring on
behalf of the Local Authority any expenses
in anticipation of or preparation for the Elections
pending further instructions which will be
issued shortly
Minute That we request the Local
Government Board to adhere to Regulations
219 & 220 M/1919 dated 1st Dec 1919
No 74,153/1920 Letter from the Local
19th Feb. 1920 Government Board stating
that pending further instructions Contractors
be requested to suspend work on orders given
and also refrain from incurring further
expenditure as directed in the Boards
Circular of 13th inst

Resolution of Monaghan County Council passed
That we the members R.D.C. Donegal the
elected representatives of a population consisting
entirely of Ulstermen emphatically as Irishmen protest
against any scheme of severing our county and
people from our fellow countrymen of the South
& West
We are Irishmen and inside Ireland we know
but one nation inhabiting it
We, as Ulstermen though proud of our province
recognise no Ulster nation any more than we

*Sliocht as miontuairiscí cruinnithe Chomhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall, 21 Feabhra 1920*

(Cartlann Contae Dhún na nGall)

# 4


# Comhairlí Ceantair Tuaithe i nDún na nGall, 1920-25: Réabhlóid sa Rialtas Áitiúil?

Bhí tábhacht nach beag ag na toghcháin áitiúla i mí an Mheithimh 1920 ó thaobh Réabhlóid na hÉireann de - bhain Sinn Féin 176 amach as 206 Ceantar Tuaithe ar bhonn náisiúnta.[1] Ní raibh smacht iomlán ag an pháirtí ar an chontae iomlán, áfach, mar choinnigh roinnt iarrthóirí an PPÉ agus iarrthóirí Aontachtacha a gcuid suíochán. In ainneoin seo, is cinnte go raibh an ráth a bhí ag Sinn Féin ó thaobh smacht a bhuachan ar na comhairlí de, ar cheann de na fáthanna lárnacha a bhí ann maidir le hathrú tuairime an phobail i dtreo Saoirse na hÉireann. Bhí páirt mhór imeartha ag Rialtas Áitiúla na Dála (faoi cheannaireacht W.T. Cosgrave) maidir leis an rath seo. Tugtar le fios dúinn go raibh seo fíor i ndiaidh na toghcháin áitiúla nuair a bhí na comhairlí ag ceadú rúin, mar atá luaite san aiste roimh ré, go gasta agus iad ag aithint 'Dáil Éireann mar Rialtas tofa mar is cuí do gach Éireannach', chomh maith le tairiscintí a cheadú chun 'gach baint le Bord an Rialtais Áitiúil Shasanaigh a scriosadh'.[2] Mar fhreagairt, choinnigh an Bord maoinithe siar do gach comhairle a chuaigh le Dáil Éireann agus bhí na maoinithe sin sioctha go dtí gur thug an chomhairle a gcuid cuntais ar aghaidh le hiniúchadh a dhéanamh orthu agus go dtí gur aithin siad údarás na dTithe Custam.

1 Local Government Archivists and Record Managers, *Democracy and Change: The 1920 Local Elections in Ireland* (Baile Átha Cliant: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2020), lgh. 36-42.

2 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Tuaithe Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, RDC/1/1/15, 19 Meitheamh 1920, l. 15.

In ainneoin an tsiombalachais a bhí bainte le dílseacht a fhógairt do Dháil Éireann, le bheith praiticiúil faoi, baineadh maoinithe riachtanacha ó na húdaráis áitiúla Dhún na nGall de thoradh ar. I mí Dheireadh Fómhair, 1921, chuir Cathaoirleach na Comhairle Contae in iúl go mbaineadh suim de £41,463 uathu le linn na bliana airgeadais a chuaigh thart.[3] Lena chois sin, bhí ar na comhairlí cúlú eacnamaíochta tar éis an Chéad Chogadh Domhanda a thabhairt faoi, chomh maith le praghsanna talmhaíochta ag dul in airde agus éilimh le haghaidh ardú pá. Bhí sé geallta ag an Chlár Dhaonlathach (nó fógairt na bprionsabal sóisialta agus eacnamaíoch) arna cheadú ag an Dáil ar an 21ú Eanáir 1919, go dtabharfar aire ar na seandaoine, ar na daoine tinn agus iad siúd atá leochaileach. Bíodh sin mar atá, ach mar gheall ar phraiticiúlacht an rialtais áitiúil, níorbh fhada gur ardaíodh an beart costchiorraithe ina phríomhthosaíocht.[4] I mí Mheán Fómhair,


76

On the motion of Mr. Boyle Seconded by Mr. Denis Hannigan it was agreed to continue the existing Road Contracts but not to accept any new contracts.

On the proposition of Mr. Joseph Hannigan Seconded by Mr. Edward Boyle the Clerk was directed to write the Co. Council and request them to have the Office of Tuberculosis Inspector abolished immediately as they consider it a sinecure position and a burden on the ratepayers.

The following resolution proposed by Mr. Joseph Hannigan Seconded by Mr. Bernard McMullin was unanimously adopted. viz:
That we view with admiration the firm stand taken by President De Valera and his colleagues in the present negotiations with the English Government and we promise him our unswerving support in whatever line of action he may think fitting to take.

*Sliocht as miontuairiscí cruinnithe de chuid Chomhairle Ceantair Tuaithe Shrath an Urláir, 3 Deireadh Fómhair 1921*

(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

3 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall – Miontuairiscí, CC/1/1/79 (2), 18 Deireadh Fómhair 1921, l. 19.

4 Ferriter, *A Nation and Not a Rabble*, lgh. 214-28.

1920, chuir an Chomhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall deireadh le dip chaorach agus iniúchtaí na mbóitheach chun airgead a shábháil.[5] Rinne Comhairle Ceantair Tuaithe Shrath an Urláir a leithead de sin in 1921 nuair a bhí siad ag troid go mbeidh cealú déanta ar oifig an chigire eitinne, agus iad den bharúil go raibh an oifig ina tromualach roimh lucht íoctha rátaí.[6]

Nuair a iarr oibrithe na gComhairlí ar ardú pá a fháil, bhí Aireacht an Lucht Oibre de chuid an Dála ag iarraidh go dtosófar 'boird eadrána' ag na Comhairlí Ceantair Tuaithe chun aighneas pá ar bith a shocrú. Is minic a bhí bunú na mbord seo curtha ar an mhéar fhada. Bhí diúltú na sealbhóirí tithe maidir le rátaí a íoc níos tromchúisí, agus ag tarlú níos minice i ndiaidh deireadh 1920 mar dhiúltaigh roinnt íocóir rátaí údarás na Dála a aithint. I mí Dheireadh Fómhair, 1921, chuir an Chomhairle Chontae i gcuimhne dá bailitheoirí go dtabharfadh os comhair na Cúirte Poblachtaí - a bhí bunaithe go rathúil sa tír faoin am - i gcás rátaí a dhiúltú.[7]

Bhí roinnt comhairlí faoi dhliteanas níos mó ó thaobh airgeadais de ná mar a bhí roinnt eile. Mar atá luaite san aiste roimh ré, fuair Comhairle Ceantair Tuaithe Bhaile na nGallóglach a lán airgead tirim ar iasacht ó Bhanc an Tuaiscirt a fhad is go raibh siad in ann maoiniú a thabhairt ar chúrsaí bonneagair, agus tar éis mí an Mheithimh 1920, bhí siad ag brath go láidir ar íocaíochtaí díreacha ón Chomhairle Contae. Faoi mhí Feabhra 1921, bhí Baile na nGallóglach gan cosaint ar bith roimh a gcuid fiacha agus thit cruinniú ar leith amach ag plé 'an fhéidearthacht dul chuig an Bhord Rialtas Áitiúil (Shasanach) chun íocaíocht a fháil, díreach go Comhairle Ceantair Bhaile na nGallóglach… agus gach rún arna ritheadh maidir le Dáil Éireann a aithint a chealú agus gealltanas a dhéanamh chun a gcuntais a sheoladh ar aghaidh a fhad is

5 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall – Miontuairiscí, RDC/2/1/7, 18 Meán Fómhair 1920, l. 1.

6 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Shrath an Urláir – Miontuairiscí, RDC/9/1/7, 3 Deireadh Fómhair 1921, l. 76.

7 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall – Miontuairiscí, CC/1/1/79 (2), 18 Deireadh Fómhair 1921, l. 16.

go n-iniúchfar iad.'[8] Níor tháinig a dhath as an rún seo, ach is cinnte go seasann an scéal go láidir do líomhaintí na míbhainistíochta airgeadais a luaigh an rialtas réabhlóideach faoi na Comhairlí Ceantair Tuaithe.

Is féidir tagairt eile a dhéanamh ar éiginnteacht airgeadais na gComhairlí Ceantair Tuaithe agus súil a chaitheamh ar an cheangal eatarthu agus an Bord Rialtas Áitiúil i ndiaidh Meitheamh 1920. Is minic a sonraíodh go raibh roinnt Comhairlí Ceantair Tuaithe fós ag obair as lámha a chéile leis an Bhord a fhad is go raibh siad in ann airgead a fháil, agus in ainneoin a ndílseacht a thug siad chuig an Dáil. Níor dhiúltaigh Comhairle Ceantair Tuaithe Bhéal Átha an Seanaidh don Bhord Rialtais Áitiúil go dtí Deireadh Fómhair 1920.[9] I mí an Mhárta, 1921, toisc go raibh cruachás airgid ag titim amach sna Comhairlí Ceantair Tuaithe, thug an Bord ciorclán amach ag spreagadh údaráis áitiúla na hÉireann leas a bhaint as seirbhísí iasachta airgid an Bhoird chun seirbhísí s'acu a chur i bhfeidhm. Thug Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall an moladh faoi deara, ach sa deireadh thiar thall níor ghníomhaigh siad leis.[10] Ba mhinic a tharla sé go raibh uaillmhianta réabhlóideacha na ndaoine ag dul in adharca le fíorphraiticiúlacht rialachais agus bhí seo ina dúshlán do na Comhairlí Ceantair Uirbeacha agus na Boird Caomhnóirí, mar a chuirfear síos ar níos moille sna haistí eile. Agus sin ráite, bhí roinnt Comhairlí Ceantair Tuaithe níos dírí ó thaobh a gcuid tacaíochta a léiriú do Rialtas Áitiúil na Dála. I leabhar miontuairiscí Chomhairle Ceantair Áitiúil Shrath an Urláir, bhí líne curtha tríd an fhocal '*Bord*' agus bhí an focal '*Roinn*' curtha ina áit.[11] Bhí cinnte an leibhéal de dhrochbhainistiú airgeadais na gComhairlí Ceantair Tuaithe ina tromualach dosháraithe nuair a chuireadh deireadh leo in 1925.


8 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Bhaile na nGallóglach – Miontuairiscí, RDC/7/1/23, 12 Feabhra 1921, l. 32.

9 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, RDC/1/1/15, 9 Deireadh Fómhair 1920, l. 75.

10 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall – Miontuairiscí, RDC/2/1/7, 19 Márta 1921, l. 84.

11 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Shrath an Urláir – Miontuairiscí, RDC/9/1/7, 6 Márta 1922, l. 121.

Nuair a bhain Cogadh na Saoirse an chéim is déine amach faoi dheireadh 1920, d'éirigh leis na Comhairlí Ceantair Tuaithe níos glóraí maidir le polasaí na Breataine in Éirinn a cháineadh. Ar an 30ú Deireadh Fómhair, 1920, chuir Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún Fionnachaidh a gcomhbhrón in iúl do theaghlach Terence



On the motion of the Chairman seconded by Councillor Joseph Gallagher the following resolution was unanimously adopted:-

" That we the Dunfanaghy Rural District Council and Board of Guardians desire to place on record our sincere sympathy with the relatives of Terence MacSwiney Lord Mayor of Cork on his death at the hands of the English Government at Brixton Gaol.

We also wish to emphasise our detestation at the cowardly manner in which the so called champions of the liberties of small nationalities tortured the Lord Mayor of Cork for 74 days in prison for the mere crime in the Englishman's eyes of loving his native country, which these same champions some short time ago, proclaimed their hypocrisy by pretending to go to a world war on account of the German occupation of Belgium.

We also adjourn our meeting today without transacting any business.

*Rún de chuid Chomhairle Ceantair Tuaithe Dhún Fionnachaidh, 20 Deireadh Fómhair 1920, i ndiaidh do Thraolach Mac Suibhne bás a fháil ar stailc ocrais i ngéibheann.*

(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

MacSwiney, Ardmhéara Chorcaí a fuair bás ar stail ocrais i bPríosún Brixton níos luaithe sa mhí sin. Chomh maith le sin, d'ardaigh an Chomhairle fimíneacht na Sasanach nuair a dúirt siad gur 'chráigh cosantóirí saoirse na náisiún beag, mar dhea, an tArdmhéara… agus an t-aon rud rinne sé i súil an tSasanaigh ná grá a thabhairt dá thír féin'.[12] D'fhógair Comhairle Ceantair Tuaithe Bhéal Átha Seanaidh rud éigin a bhí cosúil leis ar an 13ú Samhain, 1920. Léirigh na comhairleoirí a gcuid comhbhrón ar bhás Kevin Barry, Óglach agus scoláire nach raibh ach ocht mbliana déag d'aois, a bhású ar an chéad lá de mhí na Samhna mar gheall ar pháirt s'aige i ruathar éigin in aghaidh fórsaí Armtha na Breataine i mBaile Átha Cliath.[13] Bhí an chomhairle ag súil go raibh teaghlaigh MacSwiney agus Barry in ann 'glacadh de réir a chéile leis an íobairt gur thug siad a mbeatha ar son na cúise i bhfoirm Shaoirse na hÉireann'.[14]

D'fhreagair Comhairlí Ceantair Thuaithe Dhún na nGall ar na trioblóidi a thit amach le linn na céime is déine den choimhlint. Cé nach raibh gníomhaíochtaí míleata i nDún na nGall ar an chomhchéim chéanna is mar a bhí in áiteanna eile in Éirinn, mar atá luaite roimh ré, bhí ardú suntasach le feiceáil ó thaobh foréigean logánta de. Bhí Comhairlí Ceantair Thuaithe báite le héilimh maidir le 'gortú mailíseach' ó dhaoine aonair agus eagraíochtaí a raibh baint acu leis na hÓglaigh. Bhí na héilimh seo ar son cúiteamh difriúil fud fad na tíre. Tharla éilimh níos minice agus níos mó do na Comhairlí Ceantair Tuaithe inar thit tuilleadh gníomhaíochtaí na nÓglach amach i nDún na nGall Theas, an áit a raibh an Cheathrú Bhriogáid ag feidhmiú, cuireadh go leor éilimh shuntasacha chuig na Comhairlí Ceantair Tuaithe Bhéal Átha Seanaidh agus Baile Dhún na nGall. Ar an 11ú Iúil, 1920, d'iarr baill ó C.R.É. go borb ar chúiteamh a fháil ó Chomhairle Ceantair Tuaithe Bhaile Dhún na nGall chun gortuithe coiriúla, a tharla de dheasca ar

12 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún Fionnachaidh – Miontuairiscí, RDC/3/1/13, 30 Deireadh Fómhair 1920, l. 69.

13 Charles Townshend, *The British Campaign in Ireland 1919-1921: The Development of Political and Military Policies* (Oxford, 1975), l. 67.

14 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, RDC/1/1/15, 13 Samhain 1920, l. 86.

an ionsaí ar bheairic Phaiteagó, a shocrú.[15] Mar an gcéanna, ar an 11ú Meán Fómhair, 1920, thaisc Ardchigire ó C.R.É. éileamh chúiteamh isteach de shuim de £2500 a fháil mar gheall ar bheairic Bhaile an tSratha a chuir faoi thine. Chaith Aire an Phoist éileamh chúiteamh de shuim £145 isteach mar gheall ar chuaillí agus sreanga teileafón a ghearradh.[16] Taisceadh éilimh ginearálta eile chuig na Comhairlí Ceantair Tuaithe i rith 1920 agus 1921. Don chuid is mó, nuair a taisceadh éileamh leis an chomhairle, scríobhadh 'Ní raibh gníomh le déanamh' síos sa leabhar miontuairiscí. Bhí dlíodóirí na gcomhairlí faoi stiúir teagascóra troid in éadan an éilimh sula raibh seans ann é a thabhairt os comhair na cúirte. Cuireann na éilimh ar son gortuithe mailíseacha síos ar nádúr logánta an fhoréigin réabhlóidigh a tharla i Dún na nGall chomh maith leis an dóigh a laghdaíodh údarás na Breataine de réir a chéile sa chontae.


Tugtar léargas níos fearr dúinn ar laghdú údaráis na Breataine agus páirt a d'imir na Comhairlí Ceantair Tuaithe chun seo a chur i bhfeidhm trí shúil a chaitheamh ar thacaíocht fhonnmhar a léirigh na Comhairlí roimh an 'Baghcat Gnóthaí Bhéal Feirste'. Rialaigh an Dáil seo i mí Lúnasa 1920, mar fhreagairt do na hionsaithe seicteacha a rinneadh ar Chaitlicigh Rómhánacha i mBéal Feirste. Faoin Bhaghcat, bhí daoine agus eagraíochtaí, a bhí ag déanamh leithcheal oscailte in éadan na gCaitliceach, faoi dhliteanas fíneáil a fháil nó faoi dhliteanas a gcuid earraí a chailleadh do na hÓglaigh trí choigistiú. Ar an 11ú Meán Fómhair, thacaigh Comhairle Ceantair Tuaithe Bhéal Átha Seanaidh go díograiseach leis an Bhaghcat agus tá gach seans ann go raibh a dtacaíocht mar bhloc tosaithe don Cheathrú Bhriogáid ó thaobh é a chur i bhfeidhm go forleathan de.[17] Léirigh Joseph Murray ina ráiteas chuig Biúró na Staire Míleata, i mí Aibreán 1921, rinne seisean agus

15 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall–Miontuairiscí, RDC/2/1/7, 11 Iúil 1920, l. 224.

16 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, RDC/1/1/15, 11 Meán Fómhair 1920, l. 62; Ozseker, *Forging the Border*, lgh. 114-122.

17 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, RDC/1/1/15, 11 Meán Fómair 1920 l. 63.

an Complacht Bun Dobhráin ruathar ar shiopaí sa bhaile a raibh 'earraí coiscthe Bhéal Feirste' le díol acu.[18] In ainneoin na ndearcthaí doicheallacha a léirigh na comhairlí d'údaráis na Breataine, is cinnte gur thug siad saghas scóip sholúbthachta do C.R.É. – b'fhéidir mar gheall gur Éireannaigh den chuid is mó a bhí ina n-earcaigh. Thug Roinn um Lucht Oibre na Dála treoir do Chomhairle Ceantair Tuaithe Dhún Fionnachaidh a 'seacht ndícheall a dhéanamh do gach ball C.R.É. ar éirí as an fórsa de dheasca a ndliteanas d'Éireann'.[19]


P/183/3/4/D
B Co 1st Bt St Donegal Brgde
Report for April 1921
Strength of Co — — — — 40
No. of meetings — — 2
No of general Parades none
Acting on instructions from Bge. dismantled Donegal Vindicator Printing machinery for hindering Belfast Boycot. Machinery repaired soon after
Enemy Military & Police carry on as last month
Adjutant

*Tuairisc ón 1ú Chathlán, 'Briogáid Dhún na nGall Theas', Aibreán 1921, ar chúrsaí éagsála, ar a n-áirítear baghcat Bhéal Feirste (Cartlann Joseph Murray)*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

Lean Comhairlí Ceantair Thuaithe ag feidhmiú tar éis síniú an Chonartha Angla-Éireannaigh ar an 6ú Nollaig 1921 agus tar éis tosú Cogaidh na gCarad i mí an Mheithimh 1922. Sa deireadh thiar thall, áfach, de thoradh ar cibé míbhainistíocht airgeadais a thit amach


18 An Chartlann Mhíleata, Bureau of Military History, WS 1566, l. 14.
19 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún Fionnachaidh – Miontuairiscí, RDC/3/1/13, 11 Meán Fómhair 1920, l. 25.

laistigh de na comhlachtaí seo i nDún na nGall agus in Éirinn ar fad, tugadh dearcadh diúltach don tSaorstát orthu nuair a bhunaíodh an Saorstát ar an 6ú Nollaig 1922. Nuair thit 1924 amach, rinne rialtas Chumann na nGael (faoi cheannasaíocht W.T. Cosgrave) scrios ar na Comhairlí Ceantair Tuaithe. Bhí frithbheartaíocht thar a bheith doicheallach ann i nDún na nGall mar gheall ar seo. I mí Feabhra 1924, d'eisigh Comhairle Ceantair Tuaithe Shrath an Urláir rún agus bhí sé chúis chun troid in éadan cealú na gcomhairlí curtha leis. Uimhir 1, glacadh cuid mhór bliain chun iad a bhunú ag Westminster. Uimhir 2, thug na comhairlí guth don phobal sa rialtas áitiúil. Uimhir 3, Bainfear an toiliú áitiúil ó chaiteachas poiblí i gcás cealú na gcomhairlí. Uimhir 4, bunaíodh Saorstát na hÉireann 'ar fhéinchinneadh na náisiún beag' agus gur chóir 'an prionsabal céanna a úsáid ar rialtas áitiúil chomh maith le rialtas náisiúnta'. Uimhir 5, Lagófar cealú na gcomhairlí ionadaíocht an lucht oibre mar ní thiocfadh le gach oibreoir íoc as a dtaisteal go Leifear, baile an chontae, chun a n-ábhair ghearáin a réiteach. Ar deireadh, uimhir 6, ba chóir go mbunófar coimisiún chun fianaise a bhailiú ó gach ceann de na contaetha roimh aon chinneadh maidir le cealú a chur i gcrích.[20] Níor éirigh leis na hargóintí seo agus cealaíodh Comhairlí Ceantair Tuaithe na hÉireann faoin Acht um Rialtas Áitiúil ar an chéad lá de mhí na Márta 1925.

Ní raibh na Comhairlí Ceantair Tuaithe Dhún na nGall ar an fhód ach ar feadh thréimhse de cúig bliana is fiche, ach chuidigh siad go mór chun baint na polaitíochta sa chontae a leathadh. Léiríonn miontuairiscí na gcruinnithe iomlán go raibh dúil as cuimse ag muintir an phobail ó thaobh gnóthaí áitiúil agus náisiúnta de agus, cosúil le lá atá inniu ann, bhí siad i mbun idirbheartaíochta ar phraiticiúlacht an rialtais áitiúil. Bhí na toghcháin áitiúla a thit amach i mí an Mheithimh 1920 an-tábhachtach ar fad i dtaca leis an athrú polaitiúil i nDún na nGall ach fiú in aghaidh na hanachaine de chomhairleoirí PPÉ agus Aontachtaí láidir, d'éirigh leis an chontae a bheith ina shampla ar leith

20 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Tuaithe Shrath an Urláir – Miontuairiscí, RDC/9/1/7, 4 Feabhra 1924, l. 324.

d'iolrachas polaitiúil is féidir é a fheiceáil arís trí shúil a chaitheamh ar na Comhairlí Ceantair Uirbeacha agus ar na Boird Caomhnóirí.


372

The following resolution was proposed by the Chairman
Seconded by ~~Captain Wagentreiber~~ Mr Bernard McMullan and unanimously adopted.
:- That we the Stranorlar Rural District Council protest against the proposal to abolish Rural District Councils for the following reasons
(1) It took years of agitation against the British Government to establish the Rural District Councils
(2) The Rural District Councils are the only medium of affording to the people any voice in local ~~in local~~ administration.
(3) If the Councils are abolished the people will have no voice in the expenditure of local funds nor will they have any means of expressing their approval or disapproval of any public affairs.
(4) We hold that the accepted principle upon which the Irish Free State was conceded was "the self determination of small nations" and this principle should be applied to local as well as national Government.

*Rún de chuid Chomhairle Ceantair Tuaithe Shrath an Urláir, maidir lena chealú,*
*4 Feabhru 1924*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

# 5

# Comhairlí Ceantair Uirbeacha Dhún na nGall, 1919-1925: An Réabhlóid sna Bailte

Ar an lá deireanach de mhí na Bealtaine, 1920, tar éis a gcuid dliteanas a fhógairt do Dháil Éireann, chinn Coimisinéirí Baile ó Bhaile Átha Seanaidh go n-athrófar roinnt ainmneacha na sráideanna chun cloí leis an phoblachtachas a bhí ag ardú sa stat réabhlóideach de réir a chéile. Bhí sé beartaithe ag na coimisinéirí go dtabharfar 'Sráid Thír Chonaill' ar '*Back Street*' agus 'Sráid an Phiarsaigh' ar '*Bachelors Walk*' ón lá sin. Ina theannta sin, bhí siad ag iarraidh go bhfeisteofar ainm gach sráid in áit fheiceálach… agus Gaeilge mar theanga gach ceann acu.[1] B'ionann an beart seo agus an díocas réabhlóideach a bhí ag Comhairlí Ceantair Uirbeacha Dhún na nGall. De dheasca ar seo áfach, mar atá feicthe againn cheana féin, chuaigh an réabhlóid i bhfeidhm ar chúrsaí soláthair na seirbhísí. Bhí ar chomhairleoirí a gcuid uaillmhianta réabhlóideacha a chothromú le praiticiúlacht an rialtais tar éis na toghcháin áitiúla a thit amach sna Comhairlí Ceantair Uirbeacha in 1920. Díreofar ar dhá cheist san aiste seo maidir leis an phragmatachas sin a léiriú. Ar dtús báire, pléifear cúlra na gComhairlí Ceantair Tuaithe agus na seirbhísí a bhí idir lámha acu. Chomh maith le sin, cuirtear síos ar an dóigh a raibh na Comhairlí ag feidhmiú roimh na toghcháin áitiúla i mí Eanáir 1920. Ina dhiaidh sin, pléifear an dóigh a ndeachaigh comhairleoirí Shinn Féin i ngleic le roinnt éilimh chontrártha na réabhlóide agus an dóigh a raibh orthu bunseirbhísí a chur ar fáil sna bailte.

1 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Coimisinéirí Bhaile Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, BTC/1/1, 31 Bealtaine 1920, l. 562.

Bunaíodh Comhairlí Ceantair Uirbeacha faoin Acht um Rialtas Áitiúil (in Éirinn) 1898 chun rialtais áitiúla a thabhairt do bhailte a bhí daonra suntasacha acu.[2] Ó 1919 ar aghaidh, bhí ceithre bhaile dá leithead sin ann i nDún na nGall. Bhí Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin riartha ag na Comhairlí Ceantair Uirbeacha a bhí tofa ag vótálaithe incháilithe na mbailte agus maoiníodh iad le rátaí. Ar a mhalairt de sin, bhí Baile Átha Seanaidh riartha ag Coimisiún Baile a bhí tofa chomh maith, agus a bhí ag feidhmiú mar an gcéanna leis na Comhairlí Ceantair Uirbeacha. Choinnigh na comhairlí súil ar chúrsaí sláinte an phobail, léasaigh siad tithíocht shóisialta agus chuir siad seirbhísí soilsiú, uisce, séarachais agus gáis do na bailte. Bhí cuid de na seirbhísí seo mar go díreach mar an gcéanna leis na seirbhísí a chuir na Comhairlí Ceantair Tuaithe ar fáil. Agus sin ráite, is mar gheall ar na daonraí plódaithe a bhí sna bailte móra seo ar an fháth a raibh tromlach na gcruinnithe de na Comhairlí Ceantair Uirbeacha caite ar a leithead de shláinte phoiblí agus soláthar seirbhísí uisce agus soilsiú.

Roimh na toghcháin áitiúla i mí Eanáir 1920, bhí rún ag na Comhairlí Ceantair Uirbeacha na seirbhísí uisce agus soilsiú a leathadh. I mí na Samhna 1919, bhí Comhairle Ceantair Tuaithe Leitir Ceanainn ag dúil le Loch Gartán i dtuaisceart an chontae a fháil chun taiscumar uisce eile don bhaile a chruthú, ar chostas de shuim £7,800.[3] Thaisc an chomhairle iarratas isteach leis an Bhord Rialtais Áitiúil chun suim de mhéid £10,000 a fháil a fhad is go raibh siad in ann stáisiún leictreachais gháschumhachtaithe a thógáil ar Chearnóg an Mhargaidh i Leitir Ceanainn. Bhí siad ag iarraidh an soláthar cumhachta a leathadh thart faoin cheantar chuig Teach na nGealt Cheantair Dhún na nGall agus ar aghaidh.[4] Ar an bhealach chéanna, mheas Coimisinéirí Baile ó Bhaile Átha Seanaidh go gcosnófar £90 in aghaidh na bliana chun

2 Porter, *The Municipal Revolution,* lch. 6.

3 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Leitir Ceanainn – Miontuairiscí, UDC/1/1/5, 17 Samhain 1919, l. 495.

4 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Leitir Ceanainn – Miontuairiscí, UDC/1/1/5, 18 Samhain 1919, l. 497.

No. 59,279.
1914.

OFFICE COPY.

## The Local Government Board for Ireland.

# TOWN OF BUNDORAN.

WHEREAS by section seven of the Public Health (Ireland) Act, 1878 (in this Order referred to as "the Act of 1878") as adapted by Article thirty-two of the Local Government (Adaptation of Irish Enactments) Order, 1899, the Local Government Board for Ireland (in this Order referred to as "the Local Government Board") are empowered by provisional order to separate from a rural sanitary district any town or district wholly situate therein, in which there are town or township commissioners under any Act of Parliament, whether the number of the inhabitants of such town or district is more or less than six thousand, and to constitute it an urban sanitary district, to be thereafter subject to all the provisions of the Act of 1878, as amended by the provisions of the Local Government (Ireland) Act, 1898 (in this Order referred to as "the Act of 1898,") affecting urban sanitary districts: 41 & 42 Vict., c. 52. 61 & 62 Vict., c. 37.

AND WHEREAS it is further enacted by the said section seven of the Act of 1878 that no such provisional order shall be made except on petition from one or other of the towns, townships, or districts affected by such order, nor in the event of any objection being taken by any person affected thereby until after due local inquiry:

AND WHEREAS by sub-section (1) of section forty-two of the Act of 1898 it is enacted in effect that where a town has a population exceeding one thousand five hundred according to the last published census for the time being, but is not an urban sanitary district, any order of the Local Government Board constituting such town an urban sanitary district shall, unless within three months after the order is published the Board receive a petition against it from at least one-fourth of the local government electors within the town or from the guardians of the union, or council of the rural district, comprising the town or any part thereof, take effect without the authority of Parliament; and that a certificate of the Board that no such petition has been received, and that the order has taken effect, shall be conclusive evidence of those facts:

AND WHEREAS it is enacted by section one of the Local Government (Ireland) Act, 1900, that if a petition in pursuance of sub-section (1) of section forty-two of the Act of 1898 against an order of the Local Government Board is withdrawn before the date fixed in that behalf in the order, the said sub-section shall have effect in like manner as if the petition had not been received: 63 & 64 Vict. c. 63.

B. C.

*Déantar Comhairle Ceantair Uirbigh de Bhun Dobhráin, 1914*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

soilsiú sráide leictreach a chur ar fáil, fiú leis na soilsí múchta i ndiaidh 11:30 gach oíche agus le linn gach gealach lán.[5]

Cuireadh stop le hurraíocht na dtionscadal bonneagair móra i ndiaidh na toghcháin áitiúla a tharla i Mí Eanáir, 1920. In ainneoin ráth Shinn Féin, mar gheall gur tugadh an ionadaíocht chionmhar isteach, d'éirigh le cuid mhór comhairleoirí a bhí ina gcomhairleoirí aontachtacha, comhairleoirí PPÉ, comhairleoirí an lucht oibre agus comhairleoirí neamhspleácha cathaoir a bhaint amach.[6] Lena chois sin, ba ghasta a chaitheadh uaillmhianta an Chláir Dhaonlathaigh san aer nuair a bhaineadh maoinithe an Bhoird Rialtais Áitiúla de na comhairlí (mar atá feicthe againn roimh ré). Thuig Comhairle Ceantair Uirbeach Leitir Ceanainn nuabhunaithe seo go raibh géarghá ann srian a chur ar chaiteachas s'acu ar an 1ú Márta nuair a thug a gcoiste airgeadais tuairiscí chuig na comhairlí. Agus an coiste ag cur béim ar shrianadh caiteachais, cáin siad an dóigh go raibh 'na soilsí sráide ar shiúil' le linn na hoíche ar fad agus mhol siad gur chóir 'obair oíche a chealú' in oibreacha gáis an bhaile chun airgead a shábháil. Chuir an chomhairle moill ar thuairisc an choiste, ach is cinnte go raibh an géarghá sin ó thaobh airgead a shábháil ar bharr a dteanga nuair a chinn siad 'gach machnamh ar an Scéim Tithíochta a chur siar go dtí go bhfuil an fóirdheontas ardaithe ag an Rialtas'.[7]

Is minic ar chuireadh bac ar gach iarracht chun airgead a shábháil i Leitir Ceanainn mar gheall ar am córas soláthair uisce lochtach a bhí ann. Reáchtáladh cuid cruinniú comhairle chun an soláthar easnamhach sin a phlé, chomh maith le costas a bhí i gceist leis na taiscumair uisce ag Loch as Alt agus taobh thiar den otharlann mheabhairghalair a bhí ag an bhaile ceana féin. Luath sa bhliain 1921, mar gheall ar an chostas córais a bhí ann, chinn an chomhairle chun iarratas a chuir isteach chuig an Bhord Rialtais Áitiúil (in ainneoin a rún a bheartaigh siad

5 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Coimisinéirí Bhaile Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, BTC/1/1, 8 Meán Fómhair 1919, l. 533.

6 Local Government Archivists and Record Managers, *Democracy and Change*, lgh.27-33.

7 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Leitir Ceanainn – Miontuairiscí, UDC/1/1/5, 1 Márta 1920, lgh. 525-43.

chun an institiúid seo a dhiúltú roimhe) le hiasacht a fháil a fhad is go raibh siad in ann méadair uisce a fheistiú sa bhaile. I mí an Mheithimh 1921, dhiúltaigh Oifig na nOibreacha Poiblí an iasacht a thabhairt dóibh agus is mar gheall ar seo gur chinn an chomhairle srianta uisce dochta a chur i bhfeidhm ar an mhí ina dhiaidh sin. Clúdaítear cosc ar ghluaisteáin a ní agus sconnaí a rith, chomh maith le hachainí nach n-úsáidfear folcadáin 'ach nuair nach féidir é a sheachaint'.[8]

Mar bharr ar an dóigh nach raibh na comhairlí ag fáil na rátaí céanna, titeadh éifeachtacht chun feabhas a chur ar sheirbhísí na gComhairlí Ceantair Uirbeacha Dhún na nGall san iomlán. I mí Feabhra, 1920, cuireadh in iúl do Choimisinéirí Baile ó Bhaile Átha Seanaidh nach raibh dóthain airgid acu chun íoc as na toghcháin áitiúla, glantachán sráide agus soilsiú poiblí le chéile.[9] Cuirtear síos sna tuairiscí a thug a gcoiste airgeadais chuid Comhairle Ceantair Uirbeach Leitir Ceanainn ar dóigh a raibh 'bailiúchán na rátaí bunoscionn'.[10] Mar fhreagairt de seo, is minic ar iarr comhairlí, mar atá luaite roimh ré, ar bhailitheoirí rátaí s'acu iad siúd a dhiúltaigh a gcuid rátaí a íoc a thabhairt os comhair na cúirte poblachtaigh.

Is mar gheall ar éiginnteacht ó thaobh an airgid de go raibh ar na comhairlí bealaí cruthaitheacha a chumadh chun airgead a shaothrú. I mí Lúnasa, d'ardaigh Coimisinéirí Baile ó Bhaile Átha Seanaidh na rátaí go scilling sa phunt do ghnóthaí agus trí phingin sa phunt do thithe.[11] Ach ba chuma faoi ardú rátaí ar bith más rud é go raibh daoine fós ag diúltú íoc astu. I mí Lúnasa 1922, tuairiscigh Comhairle Ceantair Uirbeach Bhun Crannchа go raibh £316-7-6 acu ar rátaí thar téarma. Ar a bharr sin, de thoradh ar laghdú na cúirteanna poblachtacha tar éis an tSosa i mí Iúil 1921, ba chuma ar an scéal 'nach raibh cúirt ar bith sa

8 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Leitir Ceanainn – Miontuairiscí, UDC/1/1/5, 6 Meitheamh – 4 Iúil 1921, lgh.716-26.


9 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Coimisinéirí Bhaile Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, BTC/1/1, 3 Feabhra 1920, l. 547.

10 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Leitir Ceanainn, Miontuairiscí, UDC/1/1/5, 1 Márta 1920, l. 526.

11 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Coimisinéirí Bhaile Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, BTC/1/1, 3 Lúnasa 1920, l. 569.

pharóiste' a thiocfadh bearta na comhairle a chur i bhfeidhm.[12]Rinne Comhairle Ceantair Uirbeach Bhun Dobhráin iarracht leis an fhadhb seo a réiteach trí chruinniú ar leith a ghairm, i lár 1922, a fhad is go raibh siad in ann íocaíocht ar rátaí a phlé. Bhí na comhairleoirí in adharca le chéile faoin bhealach cheart le glacadh maidir le seo agus admhaigh comhairleoir amháin go raibh daoine ag diúltú íocaíocht a dhéanamh mar ní raibh 'údarás ar bith ar an chomhairle chun iallach a chur ar íocaíocht na rátaí'.[13]

I gcásanna éagsúla, bhí ar chuid de na Comhairlí Ceantair Uirbeacha, cosúil leis na Comhairlí Ceantair Tuaithe mar atá pléite cheana féin,


The following letters were read from the Local Government Board.
Letter No 3940/1921 dated the 14 February 1921 acknowledging
receipt of letter of the 8th Feby and requesting to be furnished
with a copy of the resolution of the Council directing the
resumption of relations with the Board and also the Bond of
the Rate Collector for the Board Inspection
Proposed by Mr Patrick Porter
Seconded by Mr Robert St Park Jr
That the Council conform to the rules orders and regulations
of the Local Government Board as heretofore and that the
minutes be sent and accounts submitted to the Local Government
Audit and that the Rate Collectors Bond be forwarded for the
Board inspection
passed

*Sliocht as miontuairiscí cruinnithe de chuid Chomhairle Ceantair Uirbigh Bhun Cranncha, 7 Marta 1921*

(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

12 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Bhun Cranncha – Miontuairiscí, UDC/2/1/3 (1), 7 Lúnasa 1922, [gan leathanaigh].

13 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Bhun Dobhráin – Miontuairiscí, UDC/3/1/4, 8 Meitheamh 1922, l. 317.

athmhachnamh a dhéanamh ar a mbaint leis an Bhord Rialtais Áitiúil, toisc go raibh géarghá acu airgead a fháil. Ar an 12ú Eanáir, 1921, rinne Comhairle Ceantair Uirbeach Bhun Cranncha díospóireacht ar thairiscint chun a rún roimhe in aghaidh an Bhoird Rialtais Áitiúil a chealú, chomh maith leis a gcuid cuntais a sheoladh ar aghaidh chuig an Teach Custaim le haghaidh iniúchadh, agus go 'gcloífear le hOrduithe an Bhoird Rialtais Áitiúil mar a bhíodh go dtí seo'. Throid comhairleoirí Shinn Féin, i léasú den rún seo, gur chóir don chomhairle a n-iomaíocht roimh an Bhord a leanúint. Toisc gur chaith ceithre chomhairleoir a gcuid vóta i bhfabhar an rún seo, agus gur chaith ceithre chomhairleoir eile a gcuid vóta in éadan, bhí comhscór ann. D'úsáid an Cathaoirleach a vóta réitigh agus chinn sé dul i bhfabhar chomh maith.[14] Ina dhiaidh seo, réitigh an Chomhairle chun údarás an Bhoird Rialtais Áitiúil a chomhlíonadh arís i gcruinniú ar an 7ú Márta.[15]

Tá gach seans ann gur bhain Comhairle Ceantair Bhun Dobhráin leas as cleachtas éigin a bhí cosúil le sin. Ar an 2ú Lúnasa 1921, phléigh comhairleoirí i mBun Dobhráin litir a tháinig ó Roinn Rialtais Áitiúil an Dála a chur i leith dóibh go raibh an chomhairle meallta ar ais chuig an Bhord Rialtais Áitiúil tar éis an chruinnithe a tharla ar an 6ú Nollaig 1920. Mhínigh an Cathaoirleach gur ghlacadh an cinneadh maidir leis a gcuid cuntais a fháil iniúchta ón Bhord 'ar mhaithe le leas an lucht íoctha rátaí amháin' agus nach ndearna iniúchadh ach ar na cuntais sa thréimhse sin roimh chinneadh na comhairle sin chun an bord a dhiúltú.[16] Níor chuireadh eolas ar bith sa bhreis leis an éileamh seo, agus gan miontuairiscí don bhliain 1920, ní thiocfadh é a dheimhniú.

Is cinnte go raibh baint ann idir an dóchas a tháinig tar éis an tSosa i mí Iúil 1921 agus an cinneadh a ghlac Comhairle Ceantair Uirbeach

14 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Bhun Cranncha – Miontuairiscí, UDC/2/1/3 (1), 12 Eanáir 1921, [gan leathanaigh].


15 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Bhun Cranncha – Miontuairiscí, UDC/2/1/3 (1), 1 Márta 1921, [gan leathanaigh].

16 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Bhun Dobhráin – Miontuairiscí, UDC/3/1/4, 2 Lúnasa 1921, l. 53.

Bhun Crannacha ar an 3ú Deireadh Fómhair chun 'gach rún agus fógairt arna cur i bhfeidhm ag údarú agus ag aithint an Bord Rialtais Áitiúla Sasanach a chealú' agus chun cloí leis an Roinn Rialtais Áitiúla arís eile. A fhad is go raibh siad in ann tacaíocht a thabhairt don rún nua seo, d'iarr na comhairleoirí ar an Roinn faoi chigire rialtais áitiúil a chur amach chuig an bhaile chun 'bun agus barr ruda na comhairle a fhiosrú le bliain.'[17]

Bhí éifeacht nach beag ag an suaitheadh míleata i bhfoirm Cogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad ar sheirbhísí soláthartha an bhaile freisin. Ar an 12ú Lúnasa 1920, D'fhorghabh fórsaí armtha na Breataine an Teach Cúirte Leitir Ceanainn, an áit ar thionóladh an Chomhairle Ceantair Uirbeach go mion minic, agus bhí ar na comhairleoirí teacht le chéile ag Oifig an Chiste Iasachta áitiúil ina áit.[18] Tuairiscigh an tInnealtóir Gáis chuig an chomhairle ar an lá céanna go raibh 'tuilleadh guail de dhíth air mar bhraith sé nach raibh mórán in ann dóibh ó thaobh bocht an scéal a bhí ann ag an am de'.[19] Ba thargaid laethúil é an t-iarnród Loch Súilí do na hÓglaigh mar iompraíodh an chuid is mó den ghual isteach go Leitir Ceanainn Ó Chalafort Dhoire ar an bhealach seo agus cuireadh isteach ar sholáthairtí an bhaile go minic de dheasca sin.[20] De bhrí go raibh Comhairle Ceantair Uirbeach Bhun Dobhráin gar go leor le Campa Fhionnúrach, is iomaí géarán a rinne siad faoin 'trácht throm a bhí i gcónaí ag méadú, go háirithe na leoraithe míleata'.[21] Bhí fadhb an-chosúil le sin ag Comhairle Ceantair Uirbeach Bhun Crannacha i mí Lúnasa 1922. Bhí fórsaí armtha na Breataine fós ag feidhmiú ó Dhún Riabhaigh, thart faoi seacht míle taobh amuigh de Bhun Cranncha, mar chuid den chomhaontú faoi Chonradh Angla-Éireannach, a thug cead don Bhreatain seilbh a choinneáil ar Loch

17 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Bhun Cranncha – Miontuairiscí, UDC/2/1/3 (1), 3 Deireadh Fómhair 1921, [gan leathanaigh].
18 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Leitir Ceanainn – Miontuairiscí, UDC/1/1/5, 12 Lúnasa 1920, l. 598.
19 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Leitir Ceanainn – Miontuairiscí, UDC/1/1/5, 12 Lúnasa 1920, l. 609.
20 Ozseker, *Forging the Border*, lgh.8-9.
21 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Bhun Dobhráin – Miontuairiscí, UDC/3/1/4, 7 Samhain 1921, l. 85.



LETTERKENNY UNION.

RURAL DISTRICT COUNCIL.

MINUTES of Proceedings of the Rural District Council, at a Meeting held on FRIDAY, the 3rd day of December 1920.

PRESENT—In the Chair Mr Neal Kelly O.S.

Other Members :—

| | | | |
|---|---|---|---|
| Allison, Henry James | ~~Kelly, Neal~~ | M'Donagh, Thomas | Roulston, Robert |
| Bresland, Wm. | ~~Leckey, John Thompson J.P.~~ | ~~M'Kelvey, Francis~~ | ~~Sweeney, James E.~~ |
| Crossan, Thomas | ~~Lee, John, jun.~~ | ~~M'Kinney, W. G., J.P.~~ | ~~Ward, John~~ |
| ~~Devine, Daniel~~ | Lynch, Edward, J.P. | Mullan, John | ~~Ward, William~~ |
| ~~Gibbons, James~~ | M'Grenra, James | ~~Reid, John William~~ | Total—19 |

The Minutes of last Meeting were read and signed

The Book was signed by the Chairman.

The Clerk submitted the following Report :—

Mr Neal Kelly (Chairman) addressed the Council in Irish which he said was proposing the motion in his name severing connection with the English Local Government Board and asked was there any one to second the motion in Irish — There was no seconder in Irish —

He then proposed in English that the English Local Govt Board be not further recognised, and that only Dail Eireann be recognised seconded by Mr Jas McGrenra.

Mr E. Lynch J.P. proposed as an amendment that consideration of same be deferred for three months seconded by Mr Robert Roulston —

On a vote being taken the motion was declared (by 6 votes to three for the amendment) to be carried —

*Sliocht as miontuairiscí cruinnithe de chuid Chomhairle Ceantair Uirbigh Leitir Ceanainn, 9 Lúnasa 1920*

(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

Súilí mar 'Calafort Conartha'. Treoraíodh Cléireach an Chomhairle chun scríobh chuig an Oifigeach i gCeannas ar an Dún le cur in iúl dó gur chóir dá 'dhaoine a gcuid luas a laghdú agus iad ag taisteal tríd an bhaile'.[22]


Mhair na Comhairlí Ceantair Uirbeacha trí na hathchóirithe ar chuir Rialtas Cosgrave i bhfeidhm agus níor cealaíodh na Comhairlí Ceantair Uirbeacha faoin Acht um Rialtas Áitiúil 1925 – murab ionann na Comhairlí Ceantair Tuaithe. Bhí líon na ndaonraí an-tábhachtach maidir le coinneáil na Comhairlí Ceantair Uirbeacha agus mhair siad go dtí 2014 nuair a chealaíodh iad faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Cé go raibh roinnt ceisteanna céanna ag na Comhairlí Ceantair Uirbeacha is mar a bhí ag a gcuid macasamhail Tuaithe, bhí tionchar domhain ar an réabhlóid i mbailte Dhún na nGall. Ní raibh an díograis chéanna ag gach Comhairle Ceantair Uirbeach is mar a bhí ag Baile Átha Seanaidh ó thaobh ainmneacha gaelacha a thabhairt ar shráideanna a mbailte, ach chuaigh an réabhlóid i bhfeidhm ar na bunseirbhísí i ngach comhairle go cinnte. Ba riachtanach ar fad iad na córais uisce, gás agus leictreachas roimh na daonraí plódaithe seo sna ceantair uirbeacha seo agus bhí gach páirtí ag iarraidh na seirbhísí seo a leathadh amach tar éis na críochdheighilte in 1922.

22 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Uirbigh Bhun Crannacha – Miontuairiscí, UDC/2/1/3 (1), 7 Lúnasa 1922, [gan leathanaigh].

# 6

# Athchóiriú Dhlí na mBocht agus Soláthar Chúraim Sláinte i nDún na nGall Réabhlóideach, 1919-1923

Chuir an Clár Daonlathach, nó fógairt na bprionsabal sóisialta agus eacnamaíoch arna eisiúint ag an Chéad Dáil ar an 21ú Eanáir 1919, béim ollmhór ar an ghéarghá chun córas 'Dhlí na mBocht fuafar maslach eachtrach a chealú'. Beartaíodh 'scéim dúchais bháúil' sa chlár go gcinnteofar go mbeidh na daoine tinne agus na daoine fásta 'i dteideal buíochas agus bá na tíre'.[1] Bhí an ráiteas seo ina codarsnacht shuntasach ar chúrsaí Dhlí na mBocht arna tugadh isteach go hÉirinn sa bhliain 1838 mar shíniú den chóras Sasanach a bhí i bhfeidhm. Nuair a thugadh Dlí na mBocht isteach, scaradh Éireann i mbreis agus 130 Aontas Dhlí na mBocht a bhí faoi stiúir ag na Boird Caomhnóirí a bhí tofa ag lucht íoctha rátaí áitiúla. Riar na hAontais seo faoiseamh airgid agus bia idir laistigh agus lasmuigh (de Thithe na mBocht) agus




*Líníocht de thithe na mbocht in Éirinn le George Wilkinson, Tuarascáil Bhliantúil Choimisinéirí Dhlí na mBocht, 1839*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

1 Díospóireacht Dháil Éireann– Máirt, 21 Eanáir 1919, iml. f, uimh.1.


dearadh an córas seo sa dóigh is gur mhothaigh na daoine bochta nó tinne go raibh siad ina dtromualaí ar an tsochaí.[2]

Leathadh na seirbhísí dtithe oibre a bhí ar fáil ó na 1850idí ar aghaidh trí chóras íoclainne a chruthú. Chuir na híoclanna seo seirbhísí leighis ar fáil sna hAontais ag úsáid dochtúir oifigiúil ceantair. Osclaíodh otharlanna poiblí sna tithe oibre sa bhliain 1862 agus ansin athraíodh ina saoráidí cúraim sláinte iad de réir a chéile. Bunaíodh otharlanna fiabhras sna tithe oibre chomh maith chun dul i ngleic le haon ráig logánta nuair a bhuail siad leac dhorais an chontae. Bhí na hAontais Dhlí na mBocht faoi stiúir ag an Bhord Rialtais Áitiúil agus bhraith siad go mór ar dheontais chun seirbhísí a sholáthar. Ina dhiaidh 1898, ghlac na Comhairlí Ceantair Tuaithe agus Uirbeacha seilbh ar fheidhmeanna na sláinte poiblí de chuid na Boird Caomhnóirí, mar atá luaite roimh ré. Mar sin de, ón bhliain 1919 ar aghaidh, bhog na tithe oibre ar shiúil ó na steiréitíopaí cruálacha a bhí bainte leo sa naoú haois déag agus bunaíodh iad ina n-institiúidí ilfheidhme ar thug seirbhísí riachtanacha don phobal mhór. I gcontae Dhún na nGall amháin, bhí Aontais Dhlí na mBocht agus tithe oibre ann i Leitir Ceanainn, Béal Átha Seanaidh, Srath an Urláir, Dún Fionnachaidh, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall, Na Gleannta agus Baile na nGallóglach.

Tá cuid mhaith de na dúshláin sláinte a bhí idir lámha ag Boird Caomhnóirí Dhún na nGall an-chosúil leis na dúshláin sláinte atá ar fáil sa lá atá inniu ann. I mí Dheireadh Fómhair 1919, d'iarr an Bord Rialtais Áitiúil ar an Bhord Caomhnóirí Leitir Ceanainn Achtanna um Ghearradh na Bolgaí - Acht a tháinig chun cinn san aois roimh ré chun dul i ngleic le scaipeadh na bolgaí agus í a chosc - a chur i bhfeidhm agus mhaígh sé 'go dtarlófar ionchúisimh i ngach aon chás nuair nach gcuirfear tuismitheoirí iallach ar a gcuid páistí maidir le vacsaíniú a fháil'.[3] I mí na Samhna 1919, thit idirbheartaíocht fhada

2 Peter Gray, *The Making of the Irish Poor Law, 1815-43* (Manchester, 2009), lgh. 6-9; Virginia Crossman, *Poverty and the Poor Law in Ireland, 1850-1914* (Learpholl, 2013), lgh. 1 & 2.

3 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Leitir Ceanainn– Miontuairiscí, BG/109/1/76, 31 Deireadh Fómhair 1919, l. 167.




*Clár Theach na mBocht Dhún Fionnachaidh, 1891 – 1915*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

amach idir Chaomhnóirí Bhéal Átha Seanaidh agus Carthanacht Otharsheirbhíse Naomh Eoin i mBéal Feirste chun otharcharr a fháil don Aontas.[4] Ba é an t-otharcharr seo ar an otharcharr céanna a ghabh Joseph Murray agus na hÓglaigh, mar atá luaite roimh ré, chun ionsaí a dhéanamh ar bheairic Bhéal Leice de chuid C.R.É. i mí Meán Fómhair 1920.[5] Fuair Caomhnóirí Bhaile Átha Seanaidh litir thar a bheith feargach ó Stiúrthóir bainistíochta na nOtharsheirbhíse Naomh Eoin nuair a ghaibhníodh an t-otharcharr i gCampa Fhionnúrach. D'iarr an stiúrthóir ar na caomhnóirí dearbhú a fháil 'nach n-úsáidfear an t-otharcharr chun rialacháin maidir le hAthchóiriú an Oird (in Éirinn), 1920 a shárú.[6]

Faoin bhliain 1919, bhí an faoiseamh laistigh, nó soláthar an fhaoisimh sa teach oibre laghdaithe go mór agus ní raibh ach dornán de dhaoine bochta agus othair faoi stiúir ag tithe oibre an chontae. Tar éis do náisiúnaigh smacht a ghlacadh ar na Boird ó na 1860idí ar aghaidh, athraíodh an faoiseamh go dtí faoiseamh lasmuigh (de dhaoine nach raibh cónaí orthu sna tithe bochta) trí íocaíochtaí airgid thirim nó trí obair a chur ar fáil in ionad íocaíochtaí oibre i bhfoirm tógáil bóithre agus a leithead. Bhí soláthar an fhaoisimh ag brath ar chúinsí éagsúla na n-iarrthóirí féin. In ainneoin ráth Shinn Féin sna toghcháin maidir leis na Boird Caomhnóirí Dhún na nGall i mí an Mheithimh

4 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, BG/38/1/85, 18 Samhain 1919, l. 210.

5 An Chartlann Mhíleata, Bureau of Military History, WS 1566, lgh. 9-11; Ozseker, *Forging the Border*, l. 118.

6 Cartlann Chontae Dhún na nGall, , Bord Bardachta Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, BG/38/1/87, 22 Eanáir 1920, l. 149.

1920, lean caomhnóirí na glúine réabhlóidí leis an choimeádachas seanbhunaithe daingean ó thaobh soláthar an leasa de. Is iomaí ball Shinn Féin nach ndearna réiteach leis na sean-nósanna Victeoiriacha i dtaca leis na daoine bochta 'freagracha' agus 'mífhreagracha'. I nDún na nGall, tugadh daoine bochta 'freagracha' ar shaothraithe oibre agus oibrithe séasúracha a bhí riachtanach d'fheirmeacha rathúla in oirthear an chontae. I gcodarsnacht nach beag de sin, tugadh daoine bochta 'mífhreagracha' orthu a raibh i ngreim ag an bhochtaineacht de thoradh ar lochtanna s'acu féin agus neamhábaltacht orthu chun cloí le cibé idéil shóisialta a bhí chun tosaigh ag an am.[7]

In ainneoin an fhoinn phoiblí a bhí ag an rialtas réabhlóideach chun Dlí na mBocht a athchóiriú, rinne siad idirdhealú idir 'bochtaineacht' agus 'dealús' agus iad ag socrú éilimh d'fhaoiseamh. Más rud é go raibh daoine bochta curtha sa dara grúpa ar a laghad bhí siad in ann leas de chineál éigin a fháil. I mí Dheireadh Fómhair, 1920, dhiúltaigh Caomhnóirí Leitir Ceanainn lóistín sealadach sa teach oibre a thabhairt do David McAuley mar bhí 'pinsean seanaoise aige agus mar sin ní raibh sé beo bocht'.[8] Mar an gcéanna le sin, i mí an Mheithimh 1921, phléigh Caomhnóirí Bhéal Átha Seanaidh litir ó Maggie Doherty a bhí ag ceistiú cén fáth ar chuireadh stad le faoiseamh lasmuigh s'aici mar ní raibh ach 5 scilling in aghaidh na seachtaine saothraithe aici agus bhí sí 'ar an ghannchuid'.[9] Roghnaigh na Caomhnóirí gan beart a ghlacadh ar chás s'aici de bhrí nach raibh sí beo bocht.

D'eisigh Boird Caomhnóirí Dún na nGall, cosúil leis a leithéidí sna Comhairlí Ceantair Tuaithe agus Uirbeacha, rúin chun a gcuid dliteanas a fhógairt do Dháil Éireann ó Mheitheamh 1920 ar aghaidh. Ghlac roinnt Caomhnóirí, mar shampla Caomhnóirí Bhéal Átha Seanaidh le meon poblachtach láidir ó Mheitheamh ar aghaidh. Toghadh James Connolly, Captaen na nÓglach de chuid an

7 Crossman, *Poverty and the Poor Law*, Lch. 1

8 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Leitir Ceanainn – Miontuairiscí, BG/109/1/78, 1 Deireadh Fómhair 1920, l. 43.

9 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, BG/38/1/87, 11 Meitheamh 1921, l. 282.

Chomplachta Chionn Locha, mar Chaomhnóir Bhéal Átha Seanaidh mar gheall ar rún rathúil ar thóg sé faoi gan cead a thabhairt d'fhórsaí ó Champa Fhionnúrach na hotharlanna a úsáid.[10] Bhraith Caomhnóirí Bhéal Átha Seanaidh go mór ar na hÓglaigh chun a dtreoracha a chur a bhfeidhm. I mí Iúil 1920, d'iarr siad ar na hÓglaigh John McCurran a aimsiú a fhad is go raibh sé in ann a bhean chéile agus a pháiste a ghlacadh ón teach oibre.[11] Cheadaigh na Caomhnóirí rún ag tacú le Connolly nuair a bhású a athair le linn ruathair C.R.É. a tharla i mí Mheán Fómhair, 1920.[12]


Cé gur fhógair na Boird Caomhnóirí a gcuid dliteanas do Dháil Éireann, bhí drogall orthu in amanna an ceangal leis an Bhord Rialtas Áitiúil a bhriseadh, cosúil leis an drogall a bhí ag na Comhairlí Ceantair Tuaithe agus Uirbeacha faoin rud céanna. Bhí Caomhnóirí Leitir Ceanainn fós ag seoladh a gcuid miontuairiscí chuig an Bhord faoin Nollaig 1920, agus mar fhreagairt, sheol an Dáil litir dhoicheallach chucu – de réir foraithne ón Meán Fómhair sin a chuaigh thart – ag bagairt go mbainfear pinsin ó Chaomhnóirí a bhí i mbun cumarsáide leis an Teach Custaim.[13] Ina dhiaidh sin, ghéill na Caomhnóirí agus réitigh siad gach cumarsáid leis an Bhord Rialtais Áitiúil, ach is cinnte go raibh cúrsaí airgeadais an aontais mar chúis imní do na baill PPÉ fós. Ar an 25ú Feabhra, mhol Edward Lynch - a bhí mar ghiúistís áitiúil i Leitir Ceanainn – gur chóir do Chaomhnóirí an bhaile a dliteanas do Dháil Éireann a chealú agus dul ar ais faoin Bhord Rialtais Áitiúil. Bhí an rún seo cosúil le roinnt rúin eile a mholadh chuig na Comhairlí Ceantair Tuaithe agus Uirbeacha, ach níor éirigh leis. Toisc gur moladh a leithead de, áfach, is léir go raibh scoilteanna ann taobh istigh de na gluaiseachtaí náisiúnta chomh maith leis na cinn a tháinig chun cinn mar gheall ar phraiticiúlacht an rialtais áitiúil.

10 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, BG/38/1/86, 19 Meitheamh 1920, l. 262.

11 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Bhéal Átha Seanaidh, - Miontuairiscí, BG/38/1/86, 24 Iúil 1920, l. 294.

12 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, BG/38/1/87, 25 Meán Fómhair 1920, l. 38; Ozseker, *Forging the Border*, l. 119.

13 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Leitir Ceanainn – Miontuairiscí, BG/109/1/78, 3 Nollaig 1920, l. 234.



From Dail Eireann dated 17 November 1920 Cir. No. 20. Stating that at its Session held on 17th Sept last Dail Eireann, by Decree, Confirmed a report of the Commission which had sat to consider the relations between Public Bodies and the English Local Government Board in Ireland, and ordered that, as from the 1st October the authority and supervision of the Local Department of Dail Eireann be substituted for that of the English Local Government Board.

Obedience to this Decree involves a complete severance of relations and a complete stoppage of communications with the Custom House on the part of Irish Public Bodies and the furnishing to this Department of all Minutes and Returns that were hitherto forwarded to the Custom House.

I have to point out that the Minutes of Meetings of your body for the month of October have not been received by this Department and to request that you will forward same without further delay addressed to:-

The Chairman - Estates & Finance Committee Dublin Corporation -

Mr J Mullan proposed that Minutes &c be forwarded to the address now given seconded by Mr Thos McDonagh & passed - (instead of being handed to the Chairman as heretofore.)

*Sliocht as miontuairiscí cruinnithe de chuid Bhord Bardachta Leitir Ceanainn, maidir lena thacaíocht do Dháil Éireann, 3 Nollaig 1920*

(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

Méadaíodh na scoilteanna seo nuair a bhí todhchaí na dtithe oibre pléite. Gheall an Clár Daonlathach go bhfeabhsófar sláinte na tíre, ach mar a tharla le gealltanais eile, níor éirigh leis agus d’fhan sé ina uaillmhian dhoiléir. Is cinnte nach raibh plean curtha le chéile chun Dlí na mBocht a athchóiriú , agus tharla sin de thoradh cúpla rud dá leithead an ganntanas airgid agus an feachtas in aghaidh fórsaí armtha

na Breataine. I mí Iúil, 1920, thionóil ionadaithe ó Bhoird Chaomhnóirí Dhún na nGall ag teach cúirte Leifir chun na tithe oibre a phlé. Chinn na baill a bhí i láthair go gcealófar na tithe oibre agus go mbogfar gach duine bocht agus othar a bhí fágtha go Leitir Ceanainn.[14] Luath sa bhliain 1920, bhí sé de mholadh ag Coimisiún Fiosrúcháin an Dála ar an Rialtas Áitiúil go gcealófar na tithe oibre agus go nascfar iad. Bhí gá ar na Boird Caomhnóirí i ngach contae na scéimeanna seo a chur i bhfeidhm agus cuireadh an cónascadh, chomh maith leis an ghéarghá chun airgid a shaothrú, go barr an liosta mar phríomhpholasaí a raibh toir air maidir le sláinte.[15] Faoin Nollaig, ghlac Comhairle Chontae Dhún na nGall seilbh ar an scéim cónasctha. Chinn an Chomhairle chun teach oibre Leitir Ceanainn a choinneáil, agus na cinn eile a chealú. Chinn siad chomh maith costais na n-institiúidí seo a aistriú go 'muirear ar an chontae iomlán'. Thug Caomhnóirí Leitir Ceanainn faoi deara nach raibh an chumhacht ag an chomhairle chun na tithe oibre a chealú agus go raibh 'leath d'Aontais na mBord Caomhnóirí lonnaithe agus páirt-lonnaithe sa tír in éadan na scéime'.[16]

Is minic ar tharraing na scéimeanna cónasctha seo ráig frithbheartaíochta fíochmhaire ó na Boird Caomhnóirí, mar a luaigh Donnacha Lucey. Cé go raibh na Boird Caomhnóirí in éadan na 'dtithe oibre', bhí drogall orthu seirbhísí leighis agus leas an cheantair a bhaint de. Sin an cás a bhí ag Caomhnóirí Bhéal Átha Seanaidh i mí na Samhna 1920 nuair a dhírigh siad aird ar 'cás aisteach de theach oibre Bhéal Átha Seanaidh' nuair a thugtar faoi deara go raibh trí chontae i gceist leis an cheantar inar sheas sé. Dhiúltaigh na Caomhnóirí an moladh le haghaidh cónascadh mar 'ní raibh am cuí i gceist chun tabhairt faoi athrú atá chomh dian ná sin'.[17] Tháinig go leor géarán den chineál céanna chun


14 Tá tagairt don chruinniú seo i Miontuairiscí Bhord Bardachta Leitir Ceanainn, Bhéal Átha Seanaidh agus Bhaile na nGallóglach.

15 Donnacha Séan Lucey, *The End of the Irish Poor Law?: Welfare and Healthcare Reform in Revolutionary and Independent Ireland* (Manchain, 2015), l. 20.

16 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Leitir Ceanainn – Miontuairiscí, BG/109/1/78, 24 Nollaig 1920, l. 305.

17 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Bhéal Átha Seanaidh – Miontuairiscí, BG/38/1/87, 6 Samhain 1920, l. 102.

cinn ó na hAontais dá leithead na Gleannta agus Leitir Ceanainn agus chuir siad na cainteanna ar cónascadh siar roinnt míonna.



Scheme for the abolition of Workhouses
re in Tir Conaill.

a letter dated 6th December, 1921. was read from the Local Government Department. Dail Eireann - returning Scheme in Connection with above, amended and approved by the Department, and impressing on the Tir Conaill County Council the importance of bringing the Scheme into operation at the earliest possible moment with a view to having the County Services estimated for on a sound basis for the ensuing Financial Year -

The Council then went into the Scheme and made the following recommendations to the Local Government Department for approval -

*Déanann Comhairle Contae Dhún na nGall plé ar a bhfuil le déanamh le tithe na mbocht sa tír, 21 Meitheamh 1921*

(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

Ar an 21ú Meitheamh 1921, phléigh an Chomhairle Chontae todhchaí na dtithe oibre. Cinneadh go mbogfar gach duine bocht agus othar ó na tithe oibre (seachas Baile Átha Seanaidh) go Leitir Ceanainn agus go dtabharfar 'an Teaghlach Contae' ar ó shin amach. De bhrí gur dhiúltaigh Baile Átha Seanaidh, roghnaigh an Chomhairle Chontae chun cothabháil shealadach a dhéanamh ar theach oibre an bhaile. Toisc go raibh paindéim an fhliú Spáinnigh fós ina n-inchinn, d'aontaigh baill na gComhairlí gur chóir dóibh na hotharlanna fiabhras a chothabháil, go ceann scaithimh ar a laghad. Glacadh airgead an chiste chontae ar shiúil ó gach Bord Caomhnóirí ar dhiúltaigh leo in éadan na scéime.[18]

18 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall – Miontuairiscí, CC/1/1/79 (1), 21 Meitheamh 1921, [gan leathanaigh].

Spreag plean na Comhairle, an tAontas Inis Eoghain go doicheallach agus luadh cruatan an tsaoil arís a tharla nuair a scaradh leithinis ina dhá leath; Ceantair Thuaithe Inis Eoghain agus Doire Uimh. 2 faoin Acht um Rialtais Áitiúil, 1898. Ar an 11ú Iúil, 1921, rialaigh Bord Caomhnóirí Inis Eoghain go raibh an Chomhairle Chontae ag iarraidh 'dallamullóg a chur ar shúile lucht íoctha rátaí' i bhfoirm:

> Bagairt a thabhairt orainn go mbainfear gach tráthchuid uainn mura gcuirfear ordú mídhleathach i gcrích, is é sin, teach oibre s'againn a dhruidim in ainneoin an vóta d'aon ghuth de lucht íoctha rátaí an Aontais, agus cruthaíodh é go mbeidh an t-athrú dá leithead sin mí-áisiúil agus an-chostasach.[19]

Agus iad ag fógairt dliteanas níos cruthanta do Dháil na hÉireann in áit an Chomhairle Chontae, dhiúltaigh leis na Caomhnóirí Inis Eoghain 'a bheith faoi iallach chun cónascadh a dhéanamh le hAontas ar ghéill dár namhaid ar son an dóil amháin'.[20] An chiall a bhí taobh thiar de seo ná bhí na Caomhnóirí ag fógairt go raibh cuid d'Aontas Dhoire anois páirteach de Thuaisceart Éireann. Níor tharla faic de thairbhe agóidí Inis Eoghain, ach cuireann siad síos ar idirbheartaíocht dhomhain a bhí ag titim amach idir Leifear, an chontae níos leithne agus an rialtas réabhlóideach i mBaile Átha Cliath ar thodhchaí sholáthair an chúraim sláinte i nDún na nGall.

Atreoraíodh plean na Comhairle Contae faoi bhráid Roinn an Rialtais Áitiúil sa Dáil agus measadh gur féidir idir £14,000 agus £20,000 a chur i dtaisce gach bliain. Cheistigh cigirí na Rialtais Áitiúla - a cheapadh ag an Roinn chun na tithe oibre iargúlta a raibh i ndroch-chaoi a iniúchadh - pleananna na Comhairle Contae maidir le hathchóiriú an chúraim sláinte a bhí acu fud fad na hÉireann. Dúirt an cigire go raibh teach oibre Leitir Ceanainn neamhoiriúnach le bheith ina otharlanna chontae agus gur chóir d'Otharlann Leifir seasamh mar otharlann an

19 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Inis Eoghain – Miontuairiscí, BG/97/1/61, 11 Iúil 1921, l. 186.

20 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Bord Bardachta Inis Eoghain – Miontuairiscí, BG/97/1/61, 11 Iúil 1921, l. 187.


chontae ina áit. Ar a bharr sin, mhol an cigire gur cheart do Shrath an Urláir teaghlach contae a bhunú agus gur chóir cothabháil a dhéanamh ar na hotharlanna ceantair cosúil le Leitir Ceanainn, Baile Dhún na nGall, na Gleannta agus Carn Domhnach.[21] Ardaíodh an scéal go mór faoin am ar thit Cogadh na gCarad amach i mí an Mheithimh 1922. Idir mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair, d'ordaigh Roinn an Rialtais Áitiúil go gcaithfear teach oibre Bhéal Átha Seanaidh a dhruidim agus seirbhísí cúraim sláinte an bhaile a thabhairt chuig otharlann Sheil, institiúid a mheasadh go raibh ar chaighdeán níos fear.[22] D'fhan an scéal mar seo go dtí na 1960idí nuair a dhruideadh na hotharlanna ceantair agus nuair a dheimhníodh otharlann ghinearálta Leitir Ceanainn ina otharlann chontae.

Mar fhocal scoir, bhí an-tábhacht i gceist le cantal na mBord Caomhnóirí agus cuirtear síos ar mar cheann de na príomhfhachtóirí ó thaobh an réabhlóid i nDún na nGall de. Bhí drochthionchar ar chúrsaí leasa agus cúraim sláinte an chontae do bharraíocht glúin a bhí le teacht mar gheall ar chinntí arna déanamh le linn na ré forbartha seo. Agus sin ráite, tugann miontuairiscí ó na Boird Caomhnóirí an coimeádachas folaigh a bhí laistigh den ghluaiseacht tíre Shinn Féin ó thaobh athchóiriú Dlí na mBocht de agus laistigh den ghluaiseacht náisiúnta maidir leis na tithe oibre. Ba é cealú na dtithe oibre ar an chéad iarracht chun Dlí na mBocht a réiteach in Éirinn agus sa Bhreatain agus ba nuálach an beart a bhí ann ag an am, ag amharc ar an dóigh go raibh an struchtúr céanna i bhfeidhm i dTuaisceart na hÉireann go dtí 1948. In ainneoin seo, bhí na scoilteanna ar son agus in éadan cónascadh a dhéanamh ina cheist mhór a thugann le fios dúinn go raibh an-tábhacht ar chúrsaí cúraim sláinte i nDún na nGall chomh maith leis an éileamh réabhlóideach chun na 'tithe oibre' a chealú ach chuir an t-éileamh seo na páirtithe idir dhá thine Bhealtaine ó thaobh

21 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall – Miontuairiscí, CC/1/1/79 (2), 15 Samhain 1921, lgh. 8-9.

22 Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall – Miontuairiscí, CC/1/1/80 (2), 18 Iúil 1922, l. 13; 24 Deireadh Fómhair 1922, l. 18.

an phraiticiúlacht maidir le hacmhainní i bhfoirm leas agus cúram sláinte an phobail mhóir a bhaint.



Donegal
20-2-22

Gentlemen.

As directed by you in notice terminating my appointment in the Service of the Donegal Union, I give hereunder particulars of my claim for compensation for abolition of office. The following special circumstances should be taken into account in my case I have 11 years service under Board of Guardians in the County and am entitled to ten years added service.

The total compensation I claim is:-

£58.. 16.. 0

Yrs faithfully
Sr M Evangelist

Period of Service in Ballyshannon
25th March From March 1911 -
to 20th Nov 1919 -
In Donegal From 20th Oct 1919 to present date
Total number of yrs 11 add 10 = 21 yrs.

*Litir ón Sr. Evangelist, iarfhostaí de chuid thithe na mbocht i mBéal Átha Seanaidh agus Baile Dhún na nGall, maidir le héileamh ar chúiteamh, 20 Feabhra 1922*
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

# Léitheoireacht Bhreise

Coleman, Marie, 'Military service pensions for veterans of the Irish revolution, 1916-23'. *War in History* 22, uimh. 2 (2013), lgh. 201-21

Connolly (ed.), Linda, *Women and the Irish Revolution*. An Droichead Nua, 2020

Crampsie, Arlene, 'Governmentality and locality: an historical geography of rural district councils in Ireland, 1898-1925', (Unpublished PhD Thesis: Trinity College Dublin, 2008);

Crowley, John, Ó Drisceoil, Donal, Murphy, Mike, and Borgonovo, John (eds), *Atlas of the Irish Revolution*. Corcaigh, 2017

Crossman, Virginia, *Poverty and the Poor Law in Ireland, 1850-1914*. Learpholl, 2013.

Farren, Sean, *The Politics of Irish Education 1920-1965.* Béal Feirste, 1995

Ferriter, Diarmaid, *A Nation and Not a Rabble: The Irish Revolution 1913-1923.* Londain, 2015

Ferriter, Diarmaid, *Between Two Hells: The Irish Civil War*. Londain, 2021

Ferriter, Diarmaid, *'Lovers of Liberty?': Local Government in 20th Century Ireland*. Baile Átha Cliath, 2001

Gordon, Cécile (ed.), *The Military Service (1916-1923) Pension Collection: Brigade Activity Reports.* Dublin: Department of Defence, 2018

Gray, Peter, *The Making of the Irish Poor Law, 1815-43*. Manchain, 2009

Hart, Peter, 'The Geography of Revolution in Ireland, 1917-1923'. *Past & Present* 155 (1997), 142-76

Hart, Peter, 'The social structure of the IRA, 1916-23'. *Historical Journal* 42, uimh. 1 (1999), lgh. 207-31

Lucey, Donnacha Séan, *The End of the Irish Poor Law?: Welfare and Healthcare Reform in Revolutionary and Independent Ireland*. Machain, 2015

McAuliffe, Mary, *Margaret Skinnider* Baile Átha Cliath, 2020

McLaughlin, Jim, and Beattie, Seán (eds.), *An Historical, Environmental, and Cultural Atlas of County Donegal*. Corcaigh, 2013

Moore, Cormac, *Birth of the Border: The Impact of Partition in Ireland*. . An Droichead Nua, 2019

Murray, Paul, *The Irish Boundary Commission and its Origins 1886-1925*. Baile Átha Cliath, 2011

Ó Duibhir, Liam, *The Donegal Awakening: Donegal and the War of Independence*. Corcaigh, 2009

Ó Duibhir, Liam, *Donegal & The Civil War: The Untold Story*. Corcaigh, 2011

Oseker, Okan, *Forging the Border: Donegal and Derry in Times of Revolution, 1911-1925* Newbridge, 2019

Pašeta, Senia , *Irish Nationalist Women, 1900-1918*. Cambridge, 2013

Porter, Matthew, *The Municipal Revolution in Ireland: A Handbook of Urban Government in Ireland since 1800*. An Droichead Nua, 2011

Townshend, Charles, *The British Campaign in Ireland 1919-1921: The Development of Political and Military Policies*. Oxford, 1975

# Foilsitheoireacht an Údaráis Áitiúil agus Acmhainní Oideachasúla

Músaem Contae Dhún na nGall, *From Conflict to Division, Donegal 1919 – 1925*, Comhairle Contae Dhún na nGall, 2021

Cartlann Chontae Dhún na nGall, *A Decade of Change: Donegal and Ireland, 1912 – 1923 Study Pack*, Comhairle Contae Dhún na nGall, 2012

Rannán Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall, *County Donegal in 1916: From the Edge*, *History and Heritage Pack*. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2016

Local Government Archivists and Records Managers, *Democracy and Change*: *The 1920 Local Elections in Ireland*. An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2020

*Donegal, the 1918 General Election and the First Dáil*, Donegal County Museum and Archives, Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018.

Tá na foilseacháin arna lua thuas ar fáil ó www.donegalcoco.ie

# Cartlann Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Acmhainní Músaeim lena n-áirítear taispeántais, pacáistí oideachas agus léirithe:

https://www.donegalcoco.ie/culture/countymuseum/

https://www.donegalcoco.ie/culture/archives/

https://www.youtube.com/results?search_query=donegal+county+council+channel

# Cartlann Dhigitithe

**Cartlann Chontae Dhún na nGall**

*Joseph Murray's Archive:*

https://www.donegalcoco.ie/culture/archives/digitised%20archives%20on%20war%20of%20independence/

*Archives of Rural and Urban District Councils*

https://www.donegalcoco.ie/culture/archives/local%20authority%20archives%20digitised/

*Echoes of the Decade Oral History project:*

https://www.donegalcoco.ie/culture/archives/oral%20history/

**Cartlann Mhíleata:**


https://www.militaryarchives.ie/en/digital-resources

**Díospóireachtaí an Dála:**

https://www.oireachtas.ie/en/debates/find/

**Nuachtáin**

Derry Journal




Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Músaem Chontae Dhún na nGall
Donegal County Museum

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media